
Injuries Board.ie



An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta
Tuarascáil Bhliantúil & Cuntais 2012

# Sonraí Teagmhála

An tIonad Seirbhíse ar Oscailt:
Luan go hAoine, 8am go 8pm

Ló-Ghlao ó Phoblacht na hÉireann 1890 829 121
Ó Thuaisceart Éireann agus ón Ríocht Aontaithe 0870 876 8121

Bosca O.P. 8
Cloich na Caoilte
Co. Chorcaí

www.injuriesboard.ie

I mí Iúil 2008, mar chuid de thionscadal aitheantais bhranda nua, athraíodh ainm oibre an Bhoird ón mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta nó PIAB go InjuriesBoard.ie. Mar thoradh air sin, déantar tagairt ar fud na tuarascála seo don eagraíocht mar InjuriesBoard.ie nó mar an Bord Díobhálacha.

InjuriesBoard.ie

**Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2012**

Meán Fómhair 2013

An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

# Clár

2 Réamhfhocal an Chathaoirligh
2 Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh
4 Forléargas

6 **Cuid 1:**
Teidlíochtaí cúitimh a mheasúnú ar bhealach cóir, cruinn agus tráthúil.

12 **Cuid 2:**
Cur go dearfach leis an timpeallacht réiteach éileamh.

18 **Cuid 3:**
Costais riaracháin a bhaineann le réiteach éileamh díobhála pearsanta a laghdú.


24 **Cuid 4:**
Ardsheirbhís do chustaiméirí á seachadadh ó eagraíocht chost-éifeachtúil, sholúbtha agus éifeachtach.

34 **Cuid 5:**
Ráitis Airgeadais

**Aguisíní:**
58 Aguisín 1 – Próiseas InjuriesBoard.ie
59 Aguisín 2 – An Eagraíocht
61 Aguisín 3 – Anailís Gheografach na nÉileamh

# Réamhfhocal an Chathaoirligh

A Aire, cuirimid ár dTuarascáil Bhliantúil do 2012 i láthair leis seo.



**Dorothea Dowling**
*Cathaoirleach*

# Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh

Chruthaigh 2012 ina bliain ghnóthach arís don Bhord Díobhála de réir mar a choinnigh dinimic cúrsaí díobhála pearsanta in Éirinn orthu ag athrú. Tháinig ardú de 7% ar líon na n-éileamh a bhí ann in 2011, méadú 6.7% ar líon na n-iarratas ar chúiteamh bainteach le timpistí mótair ar luach níos ísle ba chúis cuid mhór leis seo.

Agus an tréimhse chúig bliana ó 2007 á cur san áireamh, chonacthas méadú carnach 25% i líon na n-éileamh bunúsacha, athrú suntasach á dhéanamh in 2012 ó na méaduithe ísle aondigite i mblianta roimhe sin. Léiríonn sé seo, dar linne, comhcheangal idir céatadán méadaithe éileamh ó fheirmeoirí éileamh agus ó idirghabhálaithe eile, mar aon le fócas níos mó ar éilimh ar luach níos ísle i ngeilleagar a bhfuil a dhúshlán á thabhairt i gcónaí.

Is ina leithéid de chúlra a d'fhan an Bord iomaíoch d'ainneoin laghdaithe foirne. Baineadh é seo amach trí fheabhsuithe oibríochta ar ár seirbhís próiseála éileamh a chur i bhfeidhm, rud a chumasaigh an Bord leanúint air ag freastal ar ár n-oibleagáidí agus ár gcaighdeáin seachadta seirbhíse d'éilitheoirí agus d'fhreagróirí araon a choinneáil.

Is é ár misean éilimh dhíobhála pearsanta do thimpistí in áiteanna poiblí, in ionaid oibre agus ar bhóithre a phróiseáil ar bhealach cóir, éifeachtúil agus follasach. Baineann ár bpréamhacha le clár leasaithe árachais Rialtais, beagnach deich mbliana ó shin, chun déileáil leis an samhail dlíthíocht-bhunaithe chostasach do phróiseáil éileamh díobhála pearsanta. D'ainneoin na n-iliomad sochar níos leithne a bhain le samhail na neamhsháraíochta de chuid an Bhoird, is maith liom go raibh laghdú 40% ar chostais phréimhe árachais, coigeartaithe don bhoilsciú, le deich mbliana anuas.

Bhí príomhról ag 2012 sa toradh seo, mar a léiríonn mionsonraí na tuarascála seo, á chumhachtú ar ndóigh ag barr feabhais i seachadadh seirbhíse poiblí, á eiseamláiriú ag foireann oilte agus tiomanta, d'ainneoin na ndúshlán acmhainne a bhí ann.

# Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh (ar leanúint)

Áirítear ar bhuaicphointí seachadta 2012:

- Forbairt láithreáin ghréasáin nua le rochtain uasghrádaithe do chustaiméirí díreacha agus iarratais ar líne á ndéanamh acu;
- Próiseáladh beagnach 30,000 iarratas, ar éascaíodh cuid mhór acu (tuairim is ceann amháin as gach trí cinn) do réiteach díreach trí rannpháirtíocht luath idir éilitheoirí agus páirtithe freagartha, agus measúnú foirmiúil as a leanann dámhachtainí reachtúla ag beagán thar 10,000.
- Dámhachtainí á seachadadh laistigh de 7.2 mí i gcomparáid le trí bliana trí dhlíthíocht;
- Bhain costas 8.7% le seachadadh seirbhíse mar chéatadán de dhámhachtainí cúitimh don bhliain, gan ann ach codán (an seachtú cuid) de na costais dlíthíochta inchomparáide;
- Baineadh laghdú 42% amach ar tháillí d'fhreagróirí sa tréimhse dhá bhliana go deireadh na Nollag 2012;
- Cion tairbhe do chlár leasaithe na seirbhíse poiblí trí thuairisceáin Pháirc an Chrócaigh.

Ní raibh an bhliain gan dúshláin. Tháinig an méadú ar líon foriomlán éileamh in 2012 i gcomhthráth le roinnt treochtaí seachtracha níos leithne i réimse na díobhála pearsanta, lena n-áirítear méadú suntasach ar ghníomhaíocht spreagtha agus fógraíochta ó idirghabhálaithe a bhí ag déileáil le héilimh.

Ag filleadh ar an mbonn a bhí lenár reachtaíocht bhunaithe deich mbliana ó shin, táimid chomh tiomanta inniu agus a bhíomar an tráth sin chun a chinntiú go ndéantar cúiteamh díobhála pearsanta a sheachadadh ar bhealach cóir agus pras, laistigh de sprioc ama reachtúil, ach gan gá le dlíthíocht agus leis na costais ghaolmhara.

Tá ár gclár oibre soiléir ag leibhéal straitéiseach. Ar an gcéad dul síos, tá duine ar bith a fhulaingíonn díobháil phearsanta de thoradh gníomhartha nó easpa gnímh páirtí eile i dteideal cúiteamh atá cóir agus pras a fháil.

Ach ní hacmhainn do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí in Éirinn an bille do mhéaduithe ar phréimheanna árachais a íoc atá tiomáinte ag sraith costas gan ghá atá bainteach leis an líon ollmhór idirghabhálaithe atá ag iarraidh táillí a bhaint amach le dua ó shamhail ar léir í a bheith neamhsháraíoch, nuair is léir nach mbíonn aon tionchar ag seirbhísí dá leithéid ar bhunluachanna dámhachtana. Tá an riachtanas a bheith iomaíoch ann i gcónaí agus táimid tiomanta do leanúint lenár ról i gcosaint nádúr féinmhaoinithe agus tomhaltóir-dhírithe ár samhla agus an coigealtas a sheachadann sí.

Gluaisimid ar aghaidh isteach in 2013 agus seasamh oibríochta láidir againn, ag díriú ar uasghrádú ár n-infreastruchtúir ICT mar iarbheart ar fhorbairt ár láithreáin ghréasáin sholáimhsithe agus ár bpróiseáil éileamh ar líne in 2012.

I gcomhthéacs na méaduithe ar líon na n-éileamh agus ar an bhfócas leanúnach ar níos mó a dhéanamh agus níos lú againn, caithfidh mé aitheantas a thabhairt do chion tairbhe ár bhfoirne agus na bainistíochta. Chinntigh a ngairmiúlacht agus a dtiomantas don fheabhsú agus don nuálaíocht gur sheachadaíomar aschuir mhéadaithe tráth a bhfuil leibhéil foirne níos ísle agus iarratais níos airde againn.

Ar deireadh ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár mBord rialacháin agus leis an gCathaoirleach, Dorothea Dowling, a leanann orthu ag tiomáint beartais go gníomhach agus ag cinntiú go ndírímid i gcónaí ar an mbarr feabhais san earnáil phoiblí cibé an ag coinneáil ár struchtúr féinmhaoinithe atáimid nó ag cosaint ár reachtaíochta bunaidh ó leasanna dílsithe de réir mar is gá.

**Patricia Byron**
*Príomhfheidhmeannach*

# Forléargas

## Ráiteas Misin

Is é ráiteas misin InjuriesBoard.ie ná "seachadadh cúitimh a éascú ar bhealach cóir, pras agus follasach chun leasa na sochaí foriomláine".

Agus ár misean agus ár mandáid á seachadadh rinne InjuriesBoard.ie seo a leanas:

- Bainistiú ar 29,603 éileamh maidir le Díobháil Phearsanta, bhronn 10,136 Dámhachtain fhoirmiúil agus d'éascaigh réiteach a fháil ar thart ar 10,000 Dámhachtain;
- Bhain meánmhéid ama de 7.2 mí amach do phróiseáil éileamh – laistigh den amlíne reachtúil naoi mí;
- Bhronn cúiteamh iomlán €217.94 milliún ar íospartaigh timpiste ar chostas riaracháin 8.7% de mhéid an chúitimh iarmhír, laghdú suntasach ar an gcostas riaracháin 46%, roimh bhunú an Bhoird.

# Croíchuspóirí Straitéiseacha

Is iad seo a leanas cúig phríomhchuspóir straitéiseacha InjuriesBoard.ie mar atá leagtha amach sa phlean straitéiseach reatha:

### Cuspóir 1

Measúnú cóir agus cruinn a dhéanamh go tráthúil ar an tsuim chúitimh a bhfuiltear ina teideal i gcás éilimh maidir le díobháil phearsanta a thagann faoi scáth InjuriesBoard.ie.

### Cuspóir 2

Na costais riaracháin is lú agus is féidir bainteach le réiteach éileamh ar dhíobháil phearsanta a chur chun cinn.

### Cuspóir 3

Cultúr nuálaíochta agus feabhais a chur chun cinn trína gcothaítear eagraíocht éifeachtach shomhúnlaithe le foireann oilte spreagtha agus éifeacht dhearfach na teicneolaíochta á uasmhéadú.

### Cuspóir 4

Ardseirbhís don chustaiméir a spreagadh agus a thabhairt chun cinn, dírithe ar fhaisnéis faoin ár seirbhísí a bheith ar fáil do chách, á dtacú ag próiseas measúnaithe éileamh a bheadh follasach agus inrochtana agus ag eagraíocht chost-éifeachtúil.

### Cuspóir 5

Leanúint ar aghaidh ag cur go dearfach le timpeallacht réiteach éileamh díobhála pearsanta atá ag athrú in Éirinn trí úsáid níos mó a bhaint as samhail na neamhsháraíochta de chuid an Bhoird.

I rith 2012, lean InjuriesBoard.ie air ag obair i dtreo na Cuspóirí seo a bhaint amach. Déanann Codanna 1 go 4 den tuarascáil seo cur síos mion ar na tionscnaimh agus na gníomhartha a rinneadh i rith na bliana.

# Cuid 1

## Teidlíochtaí cúitimh a mheasúnú ar bhealach cóir, cruinn agus tráthúil.



# Cuid 1

## Teidlíochtaí cúitimh a mheasúnú ar bhealach cóir, cruinn agus tráthúil.

Cuid
1

### Dámhachtainí

Déanann an Bord Díobhálacha measúnú ar iarratais (éilimh) ar chúiteamh ag éirí as Díobhálacha Pearsanta a fulaingíodh de thoradh timpiste dliteanais phoiblí, ionaid oibre nó mótair nach raibh locht orthu ina leith. I gcúinsí ina gceadaíonn an Freagróir (an páirtí ar rinneadh an t-éileamh ina leith), tar éis éilimh a bheith curtha isteach, go ndéanfadh an Bord Díobhálacha measúnú, tugtar an measúnú sin chun críche laistigh de thréimhse naoi mí. Sa chás go mbíonn éileamh bailí ann agus go nglacann an dá pháirtí leis an dámhachtain, déantar an scéal a réiteach gan iontaoibh ar dhlíthíocht, a mbeadh dámhachtainí ar aon dul leis na Cúirteanna mar thoradh air ach le costas riaracháin i bhfad níos ísle. In 2012, rinne an Bord 10,136 dámhachtain arbh fhiú €217.94 milliún iad.

Is éard is Dámhachtain ann ná luach an chúitimh iníoctha le daoine aonair mar gheall ar Dhíobháil Phearsanta a rinneadh trí locht duine eile. Áirítear ann Damáistí Ginearálta do phian agus d'fhulaingt a d'eascair ón díobháil agus Damáistí Speisialta do chaillteanas airgeadais go dtí seo agus sa todhchaí, e.g. caillteanas pá, costais liachta etc. Baineann sonraí dámhachtainí sa Tuarascáil seo le luach iomlán Dámhachtana agus ní dhéantar difríocht idir Damáistí Ginearálta agus Speisialta.

Déantar Damáistí Ginearálta a mheas bunaithe ar an Leabhar Cainníochtaí, atá mar threoir ar leibhéil chúitimh in Éirinn (ar fáil ar www.injuriesboard.ie) agus a bhfuil ceanglas dlíthiúil ar na Cúirteanna tagairt a dhéanamh dó faoin Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna 2004. Cinntítear leis sin sa chás go scaoileann an Bord roinnt cásanna chuig na Cúirteanna gur féidir an leibhéal céanna dámhachtainí a dhearbhú do dhíobhálacha den sórt céanna, fad a thugtar aghaidh ar ábhair eile, mar dhíospóidí dliteanais, sa Chúirt. Mar a bheifí ag súil leis, tarlaíonn sin in thart ar aon trian de chásanna Díobhála Pearsanta. D'éirigh le samhail na neamhsháraíochta de chuid an Bhoird dhá thrian de chásanna Díobhála Pearsanta a bhaint amach as dlíthíocht nach raibh aon ghá léi agus mar sin na costais ghaolmhara a shábháil agus an méid ama a bhíonn ar pháirtithe díobhálaithe fanacht lena gcúiteamh a laghdú i gcásanna nach mbíonn gá le héisteacht iomlán ó bhéal.

### Líon agus Luach Dámhachtainí

Bunaíodh an Bord in 2004 agus rinne an Bord a chéad Dámhachtainí in 2005. Leagann Tábla 1.1 amach líon agus luach na nDámhachtainí a rinneadh gach bliain ó 2006.

**Tábla 1.1** Líon agus Luach Dámhachtainí de réir Bliana


| | Líon na nDámhachtainí | Luach na nDámhachtainí |
|---|---|---|
| 2012 | 10,136 | €217.94m |
| 2011 | 9,833 | €209.83m |
| 2010 | 8,380 | €186.63m |
| 2009 | 8,643 | €200.22m |
| 2008 | 8,845 | €217.16m |
| 2007 | 8,208 | €181.04m |
| 2006 | 5,573 | €115.28m |
| **Iomlán** | **59,618** | **€1,328.10m** |

### Dámhachtainí de réir Chatagóir Éilimh


In 2012, bhain 75% de na dámhachtainí go léir le cásanna Mótair, agus bhain 8% le Dliteanas Fostóra agus 17% le Dliteanas Poiblí.

I rith 2012, agus ag teacht le blianta roimhe seo, ba iad na dámhachtainí sa chatagóir Dliteanas Fostóra ab airde ag €27,286 rud a léiríonn nádúr na ndíobhálacha i dtimpistí mar sin a bhíonn níos tromchúisí agus níos casta go minic.

**Fíor 1.1** Briseadh Síos ar Dhámhachtainí 2012 de réir Catagóire




**Fíor 1.2** Meánluach na nDámhachtainí de réir Catagóire in 2012




### Luach na nDámhachtainí de réir Catagóire

Léiríonn Fíor 1.2 meánluach na ndámhachtainí de réir gach ceann de na catagóirí in 2012 i.e. Dliteanas Mótair, Dliteanas Fostóra agus Dliteanas Poiblí. B'ionann meánluach na ndámhachtainí agus €21,502 in 2012, beagáinín beag (0.76%) níos airde ná in 2011. Féadfaidh líon na gcásanna i ngach catagóir a bheith éagsúil ó bhliain go bliain a léiríonn athruithe sa timpeallacht eacnamaíoch agus sreabhadh éileamh nua. Fágann sé seo, ar a sheal, go mbíonn éagsúlachtaí ar mheánluach foriomlán dámhachtana ó bhliain go bliain. Bhí leibhéil dámhachtainí cobhsaí go maith le dhá bhliain anuas.


I rith 2012, agus ag teacht le blianta roimhe seo, ba iad na dámhachtainí sa chatagóir Dliteanas Fostóra ab airde, ag €27,286, rud a léiríonn nádúr na ndíobhálacha a fhaightear i dtimpistí mar sin, díobhálacha a bhíonn níos tromchúisí agus níos casta go minic. Léiríonn na figiúirí i bhFíor 1.2 na 10,136 dámhachtain a rinneadh, a raibh 7,622 díobh ina gcásanna Dliteanas Mótair, 1,707 ina gcásanna Dliteanas Poiblí agus 807 ina gcásanna Dliteanas Fostóra. Tugann Cuid 2 den tuarascáil seo eolas níos mionsonraithe maidir le taighde a rinneadh ar chatagóirí sonracha éileamh.

### Raon Dámhachtainí – na Dámhachtainí is Airde/is Ísle

Léirítear na dámhachtainí is ísle agus is airde i bhFíor 1.3.

Próiseálann an Bord éilimh ag réimsiú ó íseal go maith ó thaobh déine go dtí cásanna an-tromchúiseacha. Rinneadh an dámhachtain is airde go dtí seo in 2011.

**Fíor 1.3** Raon Dámhachtainí



**Tábla 1.2** Briseadh síos ar Líon Iomlán Dámhachtainí in 2012 (de réir Luacha agus Catagóire Éileamh)

| Meánluach Catagóire (€anna) | Dliteanas Mótair | Dliteanas Fostóra | Dliteanas Poiblí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| <20k | 5,215 | 387 | 924 | 6,526 |
| 20-38k | 1,878 | 279 | 549 | 2,706 |
| 38-100k | 475 | 129 | 228 | 832 |
| >100k | 54 | 12 | 6 | 72 |
| **Iomlán** | **7,622** | **807** | **1,707** | **10,136** |

Cuid 1

## Briseadh síos Líon Iomlán Dámhachtainí in 2012 de réir Luacha agus Catagóire Éileamh

Bíonn 64% de Dhámhachtainí InjuriesBoard.ie faoi bhun €20,000 agus 91% faoi bhun €38,000.

Tá próifíl na n-éileamh Díobhála Pearsanta réasúnta comhsheasmhach i gcónaí ó tháinig an Bord i bhfeidhm. Bhain agus baineann na díobhálacha a fulaingíodh le fíochán bog nó le bristeacha nó le meascán den dá rud agus fuair thart ar 90% de chásanna dá leithéid dámhachtainí cúitimh faoi €38,000 agus fuair dhá thrian dámhachtainí faoi €20,000.

Níor chóir beag a dhéanamh den intuarthacht a chuireann na sonraí sin ar fáil dóibh siúd a oibríonn le bainistiú riosca, cóireáil liachta agus athshlánúchán.

Is féidir teacht ar anailís gheografach mhionsonraithe de dhámhachtainí de réir réigiúin agus contae in Aguisín 3.

Is fiú a thabhairt ar aird gur eisceacht i gcónaí iad éilimh dhíobhála pearsanta thromchúiseacha i staitisticí réamhBhoird agus Boird. Is é an líon ard éileamh lena mbaineann luach íseal nó meánluach atá mar threallús don bhunbhille éileamh cúitimh agus a bhfuil tionchar ar deireadh aige ar chostas na bpréimheanna árachais. Mar sin, bhí sé mar thosaíocht i gcónaí ag an mBord in 2012 amlíne níos tapa agus costais riaracháin níos ísle a thiomáint agus ag an am céanna an leibhéal céanna dámhachtainí a choinneáil ag an leibhéal ab ísle agus ab fhéidir gan cur isteach ar cháilíocht ár n-aschur.

## Meánluach Dámhachtainí de réir Cúige/ Catagóire 2012

Léiríonn Tábla 1.3 briseadh síos ar mheánluach na ndámhachtainí de réir catagóire ar bhonn cúige. Bíonn luach níos airde ag dámhachtainí Dliteanas Fostóra ar feadh na gCúigí, de ghnáth, mar gheall ar nádúr na ndíobhálacha a fhaightear i dtimpistí san ionad oibre. Léiríonn éagsúlachtaí aonair laistigh de chúigí nádúr faoi leith na dtimpistí a bhí i gceist.

**Tábla 1.3**

| **Baile Átha Cliath** | **Meánluach dámhachtana 2012** |
|---|---|
| Dliteanas Mótair | €19,043 |
| Dliteanas Fostóra | €22,645 |
| Dliteanas Poiblí | €21,033 |
| **An Chuid eile de Laighin** | **Meánluach dámhachtana 2012** |
| Dliteanas Mótair | €22,400 |
| Dliteanas Fostóra | €28,207 |
| Dliteanas Poiblí | €24,004 |
| **Connachta-Ulaidh** | **Meánluach dámhachtana 2012** |
| Dliteanas Mótair | €21,928 |
| Dliteanas Fostóra | €30,838 |
| Dliteanas Poiblí | €25,776 |
| **An Mhumhain** | **Meánluach dámhachtana 2012** |
| Dliteanas Mótair | €20,309 |
| Dliteanas Fostóra | €31,456 |
| Dliteanas Poiblí | €22,369 |

## Amlíne Measúnaithe

Tá sé de dhualgas ar InjuriesBoard.ie, faoin Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003, measúnú a dhéanamh ar éilimh laistigh de 9 mí den Fhreagróir (an té sin a bhfuil cúiteamh á lorg orthu) toiliú do phróiseas an Bhoird. Léiríonn torthaí 2012 maidir le InjuriesBoard.ie gur 7.2 mí a bhí sa mheánmhéid ama a theastaigh chun measúnú a dhéanamh; cinntíodh é sin mar thoradh ar thiomantas leanúnach an Bhoird i leith éifeachtúlachta agus athbhreithnithe leanúnaigh ar an bpróiseas.

**Tábla 1.4** Líon na nÉileamh de réir Catagóire le Sé Bliana Anuas

| Líon na nÉileamh | 2012 | 2011 | 2010 | 2009 | 2008 | 2007 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Éilimh Iomlána | 28,962* | 27,669 | 26,964 | 25,919 | 24,722 | 23,345 |
| Dliteanas Mótair | 17,443 | 16,351 | 15,971 | 15,079 | 14,012 | 13,060 |
| Dliteanas Fostóra | 3,828 | 3,866 | 3,742 | 4,119 | 4,390 | 4,235 |
| Dliteanas Poiblí | 7,691* | 7,452 | 7,251 | 6,721 | 6,320 | 6,050 |

* Gan 641 éileamh aonuaire ag éirí as athchur cromáin De Puy san áireamh

## Iarratais (Éilimh)

De réir an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003, ní mór gach éileamh Díobhála Pearsanta (seachas Faillí Liachta agus roinnt catagóirí mar a bhfuil cur síos orthu in Alt 4 den Acht) a chur ar aghaidh chuig an Bord Díobhála le haghaidh measúnaithe, cuma an bhfuil ionadú dlíthiúil ag an Éilitheoir nó nach bhfuil. Féadfaidh Éilitheoirí Díreacha measúnú a fháil ar a n-éileamh ar tháille €45. Agus éilimh á mheasúnú acu ní dhéanann an Bord aon idirdhealú idir iarrthóir díreach agus Éilitheoir a íocann idirghabhálaí chun an dámhachtain a phróiseáil thar a gceann. In 2012 fuair an Bord Díobhálacha 29,603 iarratas in iomlán ar éilimh Dhíobhála Pearsanta, ardú de 7% ar 2011.

Bhain na hIarratais seo le héilimh Dhíobhála Pearsanta do thimpistí san ionad oibre, i dtuairteanna mótair agus timpistí in áit phoiblí. Tháinig ardú de thart ar 6.7% ar éilimh Mhótair. Tháinig laghdú 1% ar éilimh bainteach leis an ionad oibre, agus tháinig ardú suntasach de bheagnach 12% ar éilimh Dhliteanais Phoiblí, ar bhain céatadán suntasach díobh seo le 641 cás athchuir cromáin "De Puy". Bhain na hIarratais "De Puy" le dhá tháirge athchuir chromáin a d'aisghair an déantóir go deonach. Níor measadh gur cásanna cuí a bhí sna hiarratais a fuarthas i leith na dtáirgí seo le go ndéanfadh an Bord measúnú orthu.

Trí chásanna De Puy a fhágáil as an áireamh tagann pictiúr níos soiléire chun cinn de na treochtaí bunúsacha a léiríonn go bhfuair an Bord 28,962 iarratas in 2012, ardú de 4.7% ar 2011. Léirigh tuilleadh anailíse gur ardaigh éilimh bhunúsacha de bheagnach an ceathrú cuid (24%) ó 2007, á dtiomáint ag éilimh mhótair a d'ardaigh d'aon trian le cúig bliana anuas. Féach Tábla 1.4.

Tá an t-ardú seasta ach comhsheasmhach seo ar líon na n-éileamh le cúig bliana anuas ag teacht salach ar an timpeallacht éileamh níos leithne agus fachtóirí riosca rannpháirteacha ag cur san áireamh go gcuimsíonn cásanna mótair móramh na n-éileamh a fhaighimid, agus nach raibh bóithre na hÉireann níos sábháilte ariamh. Tugann an Bord ar aird go dtagann an t-ardú seo i gcomhthráth le hardú suntasach ar chur chun cinn agus ar fhógraíocht éileamh Díobhála Pearsanta, cleachtas a chonaic méadú ollmhór ar líon na nDíobhálacha Pearsanta sa RA áit a dtuairiscítear gur tháinig ardú de 60% ar éilimh fuiplaisce ó 2006. Tá an Bord tar éis a imní maidir leis seo a chur in iúl do raon páirtithe leasmhara lena n-áirítear lucht déanta beartas agus rialálaithe.

Tá an Bord tar éis aird a tharraingt ar an mBille um Rialú Seirbhísí Dlíthiúla atá ag teacht aníos a chuireann deis ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar chultúr éileamh atá ag teacht chun cinn trí shrianta (a bhaineann le haturnaetha faoi láthair) a leathnú amach chuig gach cuideachta agus idirghabhálaí a dhéileálann le héilimh, agus trí dhianchumhachtaí forfheidhmithe a thabhairt isteach mar aon le smachtbhannaí don neamhchomhlíontacht.

**Fíor 1.4** Amlíne Cúitimh



# Cuid 2

## Cur go dearfach leis an timpeallacht réiteach éileamh.



# Cuid 2

## Cur go dearfach leis an timpeallacht réiteach éileamh.

Cuid
2

Roimh bhunú samhla na neamhsháraíochta de chuid an Bhoird Díobhálacha i lár 2004, thóg sé trí bliana chun éilimh a réiteach agus bhain costais phróiseála de 46% leis. Déantar éileamh a réiteach sa lá atá inniu ann i bhfráma ama naoi mí ag costas próiseála de 8.7%. Tháinig an tionchar foriomlán ar an timpeallacht réiteach éileamh leis na hionchais thosaigh, nó sháraigh sé iad, mar a bhfuil cur síos air thíos.

### I. Ualach níos lú ar na Cúirteanna:

Roimh bhunú an Bhoird, tionscnaíodh idir 30,000 agus 35,000 imeacht díobhála pearsanta sna Cúirteanna gach bliain. Tá líon na gcásanna lena mbaineann dlíthíocht dá leithéid laghdaithe anois go dtí thart ar 15,000 in aghaidh na bliana. Tagann sé seo leis an sprioc a leagadh síos ag an tús i.e. bhainfí dhá thrian de chásanna Díobhála Pearsanta ó dhlíthíocht nach gá. De ghnáth eascraíonn an tríú cuid dheireanach de chásanna áit nach bhfuil aon údarás ag InjuriesBoard.ie faoin Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 chun éilimh dá leithéid a mheasúnú (e.g. gan cásanna Faillí Liachta san áireamh) agus scaoileann an Bord le cásanna eile nuair nach bhfaightear toiliú leis an éileamh a mheasúnú (e.g. nuair atá agóid in aghaidh dliteanais).

Déantar móramh suntasach éileamh Díobhála Pearsanta a réiteach anois trí Dhámhachtain fhoirmiúil de chuid an Bhoird nó trí réiteach luath idir na páirtithe á éascú ag an mBord. Cé nach bhfuil sonraí iomlána ar fáil go fóill ó árachóirí, léiríonn treochtaí go ndéantar cás eile a réiteach trí áis na hidirghabhála luath do gach cás ina ndéantar dámhachtain fhoirmiúil. Cé go bhfuil sé éigeantach go gcuirfí gach cás isteach tríd an mBord, ní gá go ngabhfadh cuid mhór díobh trí phróiseas iomlán na ndámhachtainí.

Éascaíonn an Bord caidreamh oscailte agus follasach trí Éilitheoirí a nascadh le Freagróirí agus trí pháipéir éileamh a roinnt go luath agus fágann sé seo go n-aontaítear réiteach luath go díreach idir na páirtithe i gcuid mhaith cásanna. Scaoileann an Bord cásanna agóide go dtí na Cúirteanna toisc go gcinntear go bhfuil cásanna áirithe níos oiriúnaí d'éisteacht ó bhéal sna Cúirteanna. Téann na héilimh atá fanta ar aghaidh trí phróiseas iomlán na ndámhachtainí. Cinntíonn an "triáis" seo nach mbíonn cásanna snaidhmthe gan ghá i bpróiseas nuair atá réiteach ar fáil trí chaidreamh/idirghabháil luath laistigh do chóras na neamhsháraíochta atá againn.

Déantar na torthaí seo a dheimhniú ó iniúchadh a rinne an Banc Ceannais ar shocruithe Díobhála Pearsanta a rinne cuideachtaí árachais, a tuairiscíodh i nDeireadh Fómhair 2011. Deimhníonn na torthaí go ndéantar thart ar 70% de chásanna a réiteach go díreach idir na páirtithe nó trí dhámhachtainí a dhéanann an Bord.

### II. Iomaíochas/Costais Árachais:

Mar a leagtar amach níos mionsonraithe sa chéad chaibidil eile, tá an Bord Díobhála féinmhaoinithe tar éis dóibh deontas bunaithe tosaigh ón Státchiste a aisíoc i Samhain 2011. Gineann an Bord táille ioncaim ó na hÉilitheoirí agus ó na Freagróirí a bhaineann úsáid as a chuid seirbhísí. D'fhág feabhsúcháin éifeachtúlachta leanúnacha le blianta beaga anuas go raibh laghduithe leantacha ar na táillí a ghearrtar, arbh ionann in iomlán agus 42% d'Fhreagróirí sa tréimhse dhá bhliana go Eanáir 2013. Chomhtharla sé seo le feabhsúcháin táirgiúlachta a rinne an Bord, lena n-áirítear úsáid mhéadaithe Ionad Seirbhíse seachfhoinsithe tiomnaithe do róil neamh-chroílárnacha.

# De thoradh iarrachtaí an Bhoird agus bearta leasaithe eile, tá laghdú de 25% tar éis teacht ar phréimheanna árachais mhótair le deich mbliana anuas





Fágann an coigilteas seo mar aon leis an gcoigilteas costais substainteach i gcomparáid le dlíthíocht – atá breis agus cúig huaire níos costasaí – go n-eascraíonn coigilteas iomlán measta de bhreis agus €100 milliún in aghaidh na bliana (féach Cuid 3). Chuir an coigilteas €100+ milliún seo brú mór anuas ar phréimheanna árachais chun leasa tomhaltóirí, gnólachtaí agus an tsochaí ina iomlán. De thoradh iarrachtaí an Bhoird agus bearta leasaithe árachais eile, laghdaigh préimheanna árachais mótair de 25% le deich mbliana anuas agus iompaíodh ar ais an bhís phréimhe/éileamh a bhí le feiceáil sna luath 2000idí. D'fhág sé seo gur chuir margaí eile suim shuntasach sna himeachtaí seo lena n-áirítear an RA áit ar lean éilimh agus préimheanna orthu ag dul in airde go mór le deich mbliana anuas.

## III. Taithí Éilitheora:

Faoin tsamhail dlíthíochta b'éigean d'íospartach a ndearnadh díobháil dó de thoradh timpiste arbh páirtí eile ba chúis leis más fíor, an tráma agus an strus breise a bhaineann le láithreacht ionchasach Chúirte a fhulaingt chun éileamh dlisteanach a dhéanamh, lena n-áirítear na costais as póca a tabhaíodh thar thréimhse trí bliana. Cuireadh leis an strus seo le seasamh réamhshocraithe árachóirí agus ba é sin dliteanas a shéanadh. Ba phróisis na sáraíochta a bhí i gceist, iad casta agus dleathaíoch a d'fhág go raibh sé dosheachanta uiríll dhlíthiúla a dhéanamh i bhformhór na gcásanna.

Sa lá atá inniu ann is féidir éileamh a chur isteach díreach tríd an bpost nó ar líne, 24/7. De ghnáth beidh fhios ag an Éilitheoir laistigh de thrí mhí ar a mhéid ó iarratas comhlánaithe má tá an Freagróir ag iarraidh go ndéanfaidh an Bord an t-éileamh a mheas, agus sa chás seo déanfar dámhachtain laistigh de naoi mí ó dháta an toilithe seo. Taobh amuigh de chostais liachta, is é an t-aon chostas láithreach ná táille iarratais €45 agus bíonn rochtain ag Éilitheoirí ar Ionad Seirbhíse tiomanta mar aon le tacaíocht ar líne le haghaidh cúnaimh ar feadh an phróisis. Ní bhíonn aon tionchar ag an bhfíric go bhfuil sé níos éasca éileamh a phróiseáil ar tharlúint nó ar fhírinneacht éileamh toisc nach féidir leis an mBord ach na héilimh sin a mheas ina bhfuil an Freagróir (an chuideachta árachais de ghnáth) tar éis toiliú cheana do mheasúnú. Toisc go gceanglaíonn an Bord Díobhála Éilitheoirí agus Freagróirí i bhfad níos luaithe sa bpróiseas réitigh, fágann sé gur féidir éilimh a iniúchadh níos luaithe agus d'fhéadfadh go gcuideodh sé chun éilimh chalaoiseacha a scagadh amach.

## IV. Éilimh agus Léargas Beartais:

Agus a théarmaí tagartha á gcomhlíonadh chun dámhachtainí cúitimh a sheachadadh, bailíonn an Bord Díobhálacha sonraí substainteacha ar dhíobhálacha agus ar chúinsí timpistí i réimse leathan suíomhanna. Tugann rochtain ar na sonraí seo léargas tábhachtach ar na cineálacha díobhálacha ar féidir le daoine a fhulaingt agus ar nádúr na dtimpistí a mbíonn siad páirteach iontu. Is féidir leis an bhfaisnéis seo a bheith thar a bheith úsáideach dóibh siúd atá freagrach as bainistiú riosca agus cosc timpistí, lena n-áirítear Gníomhaireachtaí Stáit eile. Is féidir léargas dá leithéid cuidiú leis an bpobal ginearálta trí chur ar chumas an Bhoird aird a tharraingt ar rioscaí inchoiscthe ilbhliantúla mar aon le léargas a bheadh ag teacht chun cinn ar bhearta agus ar bheartais athshlánúcháin.

Cuireann sonraí an Bhoird ar chumas an Bhoird tráchtaireacht a dhéanamh go hoibiachtúil freisin ar chúrsaí ar mhaithe le leas an phobail. Mar shampla, tugann árachóirí fáthanna ó am go chéile faoin gcúis a thiocfadh ardú ar phréimheanna, de thoradh teagmhas drochaimsire b'fhéidir, i gcúinsí nach léiríonn sonraí de chuid an Bhoird Díobhálacha aon mhéadú ábhartha ar líon na n-éileamh. Agus é ag obair ar mhaithe le leas an phobail, tá an Bord tar éis dúshlán na ndaoine a bhfuil méaduithe ar phréimheanna á moladh acu, a thabhairt go hoscailte.

Ar an gcaoi chéanna, i gcás go n-aithníonn an Bord treochtaí atá ag teacht chun cinn a d'fhéadfadh brú in airde a chur ar phréimheanna árachais do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí mura gcuirfí srian leo, tógann an Bord na saincheisteanna seo leis na geallsealbhóirí ábhartha. Le blianta beag anuas bhí an Bord criticiúil faoi fhógraíocht bhreise seirbhísí déileála éileamh, go háirithe ag cuideachtaí éileamh feirme. Thug athbhreithniú ar threochtaí éileamh le cúig bliana anuas le fios go bhfuil bonn leis an imní seo ag cur an mhéadaithe ar líon na n-éileamh san áireamh.

I mblianta roimhe seo, d'fhoilsigh an Bord athbhreithniú cuimsitheach ar dhíobhálacha a d'eascair as timpistí san ionad oibre, timpistí mótair agus timpistí in áiteanna poiblí. Thug na hathbhreithnithe seo léargas suntasach ar thimpistí agus na héifeachtaí ar na daoine a bhí bainteach leis na teagmhais sin ina dhiaidh sin. In 2012 d'fhoilsigh an Bord Athbhreithniú ar Thimpistí san Ionad Oibre in 2011. Is iad seo a leanas na príomhthorthaí:

- Dámhadh cúiteamh arbh ionann é agus €22.5 milliún in iomlán i leith 830 éileamh díobhála pearsanta san ionad oibre.
- Is timpistí san ionad oibre ba bhun le 8.4% de na dámhachtainí díobhála pearsanta go léir in 2011, i gcomparáid le 11% de na dámhachtainí go léir in 2010. Léiríonn an laghdú ar líon na n-éileamh do thimpistí san ionad oibre líon laghdaithe na ndaoine a bhí fostaithe i rith na tréimhse.
- Is iad na hearnálacha déantúsaíochta agus táirgiúlachta ba chúis le móramh na n-éileamh agus ba iad sciorradh, tuislí agus titim, trealamh lochtach agus drochláimhseáil agus ardú earraí na timpistí ba choitianta.
- Bhí sé **dhá uair níos dóchúla go bhfaigheadh fir dámhachtain** do thimpiste san ionad oibre ná mná – is iad ba chúis le **70% de na dámhachtainí go léir** (2010: 75%) seachas **30% de dhámhachtainí do mhná** (2010: 25%). Ach tháinig méadú áfach ar líon na mban a fuair dámhachtainí de 5% ag éirí as a láithreachta méadaithe sa bhfórsa oibre i rith an chúlaithe eacnamaíochta.
- Fuair fir dámhachtain chúitimh de **€27,246 ar an meán** (2010: €28,924) i gcomparáid le **€26,771** (2010: €25,876) do mhná.
- Is daoine san **aoisghrúpa 25-34 a fuair dámhachtain amháin as gach trí cinn** (32.4%) agus is iad ba chúis leis an gcéatadán is mó d'éilimh san ionad oibre. Tá sé dhá uair chomh dóchúil go bhfaighidh daoine in aois 35-44 (24.6%) dámhachtain do thimpiste san ionad oibre ná iad siúd in aois 18-24 (12.5%).

# Cuireann sonraí an Bhoird ar chumas an Bhoird tráchtaireacht a dhéanamh go hoibiachtúil ar chúrsaí chun leasa an phobail

- Áiríodh gurb é an Déardaoin an lá oibre ba dainséaraí agus ba é an Domhnach an lá ba shábháilte de bharr an chéatadáin níos lú daoine san ionad oibre ag an deireadh seachtaine.
- Ba í **Samhain** an mhí ba dhainséaraí do thimpistí san ionad oibre agus ba é **Aibreán an ceann ba shábháilte**.
- Ba iad **Luimneach, Ceatharlach, Cill Dara, Port Láirge agus an Lú** na contaetha leis an líon is airde dámhachtainí do thimpistí san ionad oibre in aghaidh an duine den daonra.
- Thaifead na contaetha seo, **Ros Comáin, An Cabhán, Maigh Eo, Dún na nGall agus Laois** an líon is ísle éilimh in aghaidh an duine den daonra.
- Bhí an meánluach dámhachtana is airde in aghaidh an chontae ag Liatroim ag €46,578, tráth ar thaifead Laois an meánluach ab ísle ag €18,438.

# Cuid 3

## Na costais a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar éilimh dhíobhálacha pearsanta a laghdú.



# Cuid 3

## Na costais a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar éilimh dhíobhálacha pearsanta a laghdú.

Cuid
3

### Gníomhaireacht Fhéinmhaoinithe

Ba é 2012 an seachtú bliain as a chéile inar fheidhmigh an Bord gan aon chostas ar an Státchiste ná ar an gcáiníocóir. Mar a tuairiscíodh anuraidh, rinne an Bord aisíoc ar an deontas bunaidh tosaigh a fuair sé ón mháthair-Roinn. Ó bunaíodh an Bord ba ranníocaí glan ar an Státchiste é, gan aon airgead á fháil aige ach ranníocaíocht á dhéanamh i dtéarmaí cánach, ÁSPC agus íocaíochtaí pinsin mar aon le hiomaíochas a spreagadh don sochaí agus don gheilleagar ina iomlán.

Tagann ioncam an Bhoird ó na táillí a ghearrtar, ar Fhreagróirí go príomha (nó ar a gcuid árachóirí), agus gearrtar táille iarratais bheag ar Éilitheoirí. In 2012, ghearr an Bord táille €850 ar Fhreagróirí agus €45 ar Éilitheoirí. Tháinig sé seo tar éis laghduithe ó €1,050 agus ó €50 faoi seach in 2011. Laghdaíodh an táille d'Fhreagróirí tuilleadh go €600 le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Léiríonn sé seo laghdú foriomlán de 42% i dtáille an Fhreagróra ó Fheabhra 2011 agus os rud é gur árachóirí go príomha a thabhaíonn na costais seo cuideoidh sé le tuilleadh brú síos ar phréimheanna. Tá préimheanna árachais mhótair laghdaithe 25% le deich mbliana anuas de thoradh tabhairt isteach an Bhoird Dhíobhálacha mar aon le bearta leasaithe eile.

### Fócas Leantach ar Éifeachtúlacht

In 2012 thaifead an Bord barrachas de €3.7m. Baineadh é seo amach trí chomhcheangal d'éifeachtúlachtaí oibríochta leanúnacha agus rialú costais. Cuireadh srian ar chostais trí bhainistiú cúramach caiteachais. Rinneadh seachfhoinsiú ar ghnáth-thascanna áit arbh fhéidir éifeachtachtaí a bhaint amach. Baineadh praghsanna níos fearr ar sheirbhísí amach trí sholáthar iomaíoch agus bhainistiú cúramach conarthaí lena n-áirítear úsáid a bhaint as lascainí méide. Úsáidtear comhfhreagras leictreonach le costais a laghdú, agus d'fhág méaduithe ar ár méideanna foriomlána gur soláthraíodh ioncam méadaithe.

Bhí fócas leantach in 2012 ar luach ar airgead a fháil sna soláthairtí agus na seirbhísí a sholáthraigh an Bord. Baineadh úsáid as cur amach ar tairiscintí iomaíocha agus baineadh an leas ba mhó ab fhéidir as conarthaí Rialtais Láir le coigilteas a éascú. D'éascaigh idirbheartaíochtaí faoi phraghsanna le blianta beaga anuas – chun tacú le beartas an Rialtais táillí gairmiúla a laghdú – an Bord le coigilteas de €494,000 a fháil i gcostas tuarascála liachta neamhspleácha in 2012, le fócas leantach ar bhainistiú éifeachtach príomhsholáthraithe painéil liachta. I ngníomh ar leith bhain na Coimisinéirí Ioncaim an díolúine ó VAT ar thuarascálacha liachta a choimisiúnaigh an Bord chun críche measúnaithe. In 2012 gearradh VAT ar 43% de na sonraisc liachta ar chostas iomlán de €495,000 – cé go gcuireann sé le leis na costais fhoriomlána d'Fhreagróirí déanann sé leas an Státchiste.

## In 2012, sheachadaigh InjuriesBoard.ie an leibhéal reatha cúitimh ag costas seachadta de 8.7% i gcomparáid le 46% faoin gcóras dlíthíochta roimh bhunú an Bhoird





**Tábla 2.1** Líon Iomlán agus Luach Dámhachtainí InjuriesBoard.ie ar Glacadh Leo

| | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na nDámhachtainí ar Glacadh Leo | 5,000 | 5,670 | 5,387 | 5,038 | 5,875 | 6,124 |
| **Luach Iomlán na nDámhachtainí ar Glacadh Leo** | **€102m** | **€131.34m** | **€118.2m** | **€108.24m** | **€122.71m** | **€127.62m** |

**Tábla 2.2** Costais Sheachadta agus Coigilteas Costais Measta InjuriesBoard.ie

| | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Costais Sheachadta Iomlán InjuriesBoard.ie | €7.4m | €10.19m | €10.3m | €9.52m | €10.68m | €11.47m |
| Costais Dlíthíochta Inchomparáide | €47.15m | €60.41m | €54.4m | €49.79m | €56.45m | €58.71m |
| **Coigilteas Iarbhír (InjuriesBoard.ie Vs. Córas Dlíthíochta)** | **€39.75m** | **€50.22m** | **€44.1m** | **€40.27m** | **€45.59m** | **€47.24m** |

Déanann an Bord iarracht a sholáthraithe a íoc laistigh de théarmaí na reachtaíochta prasíocaíochta (ar 30 lá é ó réiteach aon saincheisteanna a eascraíonn as sonrascú). In 2012, bhí comhlíontacht sa bhreis ar 97% againn agus 86% de na sonraisc íoctha laistigh de Threoirlínte an Rialtais de 15 lá. I gcásanna inar sháraigh líon na laethanta 30 lá, íocadh ús íocaíochta pras. Tá na tuairisceáin ráithiúla ar fáil ar ár láithreán gréasáin.

Íocann an Bord thart ar 19,000 sonrasc bainteach le héilimh in aghaidh na bliana. In 2012 íocadh 91% de na sonraisc seo le EFT (Aistriú Cistí Leictreonach).

## Coigilteas Costais

In 2012, sheachadaigh InjuriesBoard.ie an leibhéal reatha cúitimh ar chostas seachadta 8.7% i gcomórtas le 46% faoin gcóras dlíthíochta roimh bhunú an Bhoird. Níl costais sheachadta an Bhoird bunaithe ar chéatadán de mhéid na dámhachtana ach is táillí seasta den chuid is mó iad. Mar a tuairiscíodh i dTuarascáil Bhliantúil na bliana seo caite, tugann sonraí atá ar fáil ó scéimeanna cúitimh lasmuigh de théarmaí tagartha an Bhoird le fios gur ábhar suntasach imní i gcónaí iad costais dlíthíochta in Éirinn. Is cosúil go mbaineann costais dlíthíochta atá cuid mhór níos mó ná an meán de 46% a aithníodh i dTuarascáil Bhord Comhairleach Árachais Mhótair (2004) le cuid mhór cásanna

Díobhála Pearsanta a próiseáladh lasmuigh de chóras na neamhsháraíochta de chuid an Bhoird. Thugadh tuarascáil Forfás le deireanaí ar *'Na Costais a Bhaineann le Gnó a Dhéanamh in Éirinn'* (Márta 2013) le fios go bhfuil na costais dlíthíochta inchomparáide cuid mhór níos airde sa lá atá inniu ann. Chinn an tuarascáil gur mhéadaigh costas seirbhísí dlíthiúla ón mborradh, ainneoin laghdú suntasach ar chostais eile ghnó. Tá táillí aturnaetha 11% níos airde anois ná mar a bhíodar in 2006. Toisc nach bhfuil arduithe idir 2004 agus 2006 san áireamh sa Tuarascáil seo, is é is dóigh go bhfuil costais dlíthíochta níos cóngaraí do 60% de dhámhachtainí ná an leibhéal de 46% a bunaíodh in 2004.

In 2012, ghlac custaiméirí InjuriesBoard.ie le 6,124 dámhachtain a raibh cúiteamh de €127.62 milliún de thoradh orthu. Tá na figiúirí cuí ó 2007 le fáil i dTábla 2.1. Bhí méid na ndámhachtainí ar glacadh leo ag circa 60%, seasmhach go maith le 6 bliana anuas. Bíonn tionchar ag an meascán éileamh a fhaightear ar an gcúiteamh, i.e. an éileamh Mótair, áit Phoiblí nó Ionad Oibre atá i gceist, maraon le déine na ndíobhálacha agus na gcaillteanas airgeadais laistigh de gach ceann de na catagóirí seo.

### Coigilteas Díreach (meastachán coimeádach):

Cé go ndearna an Bord 10,136 Dámhachtain in 2012, ní áiríonn an Bord ina mheasúnú, chun críocha coigiltis dhírigh a ríomh, ach na Dámhachtainí a nglacann Éilitheoirí agus Freagróirí araon leo. Is ríomh thar a bheith coimeádach é seo dá réir, toisc nach gcuireann sé san áireamh cásanna ina n-éascaíonn an Bord réiteach díreach ag céim luath sa bpróiseas mar aon le cásanna a dtugtar chun críche díreach le linn nó díreach tar éis an phróisis seo againne. Tarlaíonn réiteach dá leithéid idir na páirtithe de bharr phróisis éascaithe an Bhoird don chuid is mó.

Léiríonn Tábla 2.2 costais sheachadta iarbhír InjuriesBoard.ie de €11.47m agus cuireann i gcomparáid é leis an bhforchostas measta chun an luach dámhachtana céanna a sheachadadh faoin gcóras dlíthíochta (46%) i.e. €58.71m. Léirítear an coigilteas a bhí de thoradh air sa líne dheireanach. B'ionann coigilteas díreach InjuriesBoard.ie in 2012 agus €47.24m.

Is féidir measúnú níos réadúla a fháil, cé go bhfuil sé coimeádach i gcónaí, ar choigilteas díreach bliantúil atá inchurtha i leith Dámhachtainí Boird ar glacadh leo, trí fhorchostas riaracháin níos réadúla de 55% a chur i bhfeidhm (a léireodh costais dlíthíochta mhéadaithe). Ar an mbonn seo mhéadódh coigilteas díreach bliantúil go dtí €59m atá níos réadúla in 2012 mar a bhfuil cur síos air sa bhfo-iomlán i dTábla 2.3.

Gan dabht, eascraíonn coigilteas breise suntasach maidir le réitigh dhíreacha tríd an Ionad Seirbhíse ar ghnáth leo dul sa dlíthíocht sular bunaíodh an Bord. Chinn Staidéar an Bhainc Ceannais ó Dheireadh Fómhair 2011 go réitítear 70% de na héilimh go léir go díreach idir na páirtithe (éascaithe ag próiseas an Bhoird Díobhálacha a éascaíonn cumarsáid idir na príomhpháirtithe) nó trí Dhámhachtain de chuid an Bhoird Díobhálacha agus mar sin nach dtéann ar aghaidh chuig an dlíthíocht. Thugadh sé seo le fios go réitítear suas le 10,000 cás idir na páirtithe tar éis teagmhála tosaigh le hIonad Seirbhíse an Bhoird. Dá gcuirfí coigilteas pro rata i bhfeidhm ar na réitigh sin ghinfí coigilteas breise de €96 milliún, coigilteas 2012 á mhéadú go €155 milliún.

In 2012, ghlac custaiméirí InjuriesBoard.ie le 6,124 dámhachtain a raibh cúiteamh de €127.62 milliún de thoradh orthu



**Tábla 2.3** Costais Seachadta agus Coigilteas Costais Measta InjuriesBoard.ie

| | **Costas Seachadta 2012 @ forchostas 46%** | **Costas Seachadta 2012 @ forchostas 55%** |
|---|---|---|
| Costais Sheachadta Iomlána InjuriesBoard.ie (milliúin) | €11.47 | €11.47 |
| Costais Dlíthíochta Inchomparáide (milliúin) | €58.71 | €70.20 |
| **Coigilteas Measta (milliúin) – gan réitigh dhíreacha san áireamh** | **€47.24** | **€58.73** |
| Coigilteas incriminteach (milliúin) bainteach le 10,000 réiteach measta | | €96 |
| **Coigilteas Iomlán (milliúin) réitigh dhíreacha san áireamh** | | **€154.73** |

Cuid 3

Ní chuireann coigilteas dá leithéid taighde breise de chuid an Bhainc Ceannais san áireamh a léiríonn go bhfaightear socrú go tapa ar mheasúnuithe de chuid an Bhoird fiú iad sin nár glacadh leo agus de ghnáth nach leanann siad chun cúirte – fiú más dóigh go n-íoctar roinnt costas dlíthiúla chun na cásanna sin a réiteach de ghnáth; ní chuireann sé san áireamh ach an oiread an coigilteas díreach do chuideachtaí árachais a gcaithfidh gur laghdaíodh a ranna dlíthíochta cuid mhór. Táthar ag súil go bhféadfadh tuilleadh sonraí cuidiú chun tuiscint níos fearr a fháil ar chostas foriomlán dlíthíochta i gcomparáid le próiseas an Bhoird agus chuideodh sin anailís sochair costais a dhéanamh den dá chóras atá ann chun réiteach a fháil ar éilimh maidir le díobháil phearsanta. Chuideodh sonraí dá leithéid chun tionchar costais fabhraigh foriomláin de thoradh bunú an Bhoird, a thuiscint.

# Cuid 4

## Seirbhís den scoth do chustaiméirí a sheachadadh ó eagraíocht éifeachtúil, sholúbtha agus chost-éifeachtach.



# Cuid 4

## Seirbhís den scoth do chustaiméirí a sheachadadh ó eagraíocht éifeachtúil, sholúbtha agus chost-éifeachtach.



### Seirbhís do Chustaiméirí

In 2012, lean InjuriesBoard.ie air ag cur próisis mheasúnaithe éileamh atá inrochtana agus follasach ar fáil. Láimhseáladh breis agus 29,000 iarratas agus rinneadh measúnú i 10,136 cás.

Déantar seirbhís do chustaiméirí a sheachadadh tríd an Ionad Seirbhíse líne thosaigh a fheidhmíonn ó 8am go 8pm Luan go hAoine, agus trí ghníomhaíochtaí a thugann na Foirne Measúnaithe chun críche. Cuireann Ionad Seirbhíse an Bhoird do Chustaiméirí a leanas ar fáil:

- Eolas mionsonraithe agus cúnamh d'Éilitheoirí agus d'Fhreagróirí a d'fhéadfadh a bheith ann agus éilimh á gcur chun cinn;
- Treoir mhionsonraithe agus cúnamh d'éilitheoirí agus iarratais á gcomhlánú;
- Tá an tIonad Seirbhíse do Chustaiméirí ar fáil ar Ló-Ghlao uimhir 1890 829 121 ó 8am go 8pm Luan go hAoine.

In 2012, fuair an tIonad breis agus 53,265 glao, agus freagraíodh 96.56% díobh sin laistigh de 20 soicind i ndiaidh teachtaireacht fháiltithe uathoibríche an-ghearr; láimhseáladh 431,445 mír sa phost, 52,296 ríomhphost agus 12,989 facs agus socraíodh iad go léir laistigh de 10 lá. Ina theannta seo socraíodh os cionn 17,994 coinne liachta in 2012 chun tacú le measúnuithe tráthúla.

Cuidíonn an tIonad Seirbhísi do Chustaiméirí le hÉilitheoirí faoi riachtanais speisialta (m.sh. daoine go bhfuil lagú éisteachta orthu) agus leo siúd a mbíonn deacrachtaí teanga acu nó leochaileachtaí eile. Tá an t-aiseolas ó chustaiméirí a chuaigh i dteagmháil ar líne chabhrach an Bhoird an-dearfach agus taifeadadh ardleibhéil sásaimh.

Foilsítear Nós Imeachta an Bhoird maidir le Gearáin ar ár láithreán gréasáin agus cuirtear bosca ríomhphoist tiomnaithe ar fáil do chustaiméirí. Tugadh fógra faoi 50 gearán in iomlán agus taifeadadh iad in 2012. Léiríonn an líon seo laghdú 36% ar an líon in 2011. Ba é <24 lá an meánam láimhsithe do ghearán ón dáta a fuarthas é go dtí gur tugadh chun críche é.

### An Láithreán Gréasáin

Is príomhfhócas do rannpháirteachas agus roinnt eolais lenár gcustaiméirí é láithreán gréasáin an Bhoird www.injuriesboard.ie. I rith 2012 rinneadh athfhorbairt ar an láithreán a bhí ann go dtí seo agus bhí fáil air i mí na Nollag. Cuireann an láithreán nua gné atá níos dírithe ar an gcustaiméir ar fáil lena n-áirítear roghanna ar líne feabhsaithe chun éilimh a bhainistiú agus a chur isteach go díreach, táillí dlíthiúla gan ghá d'éilitheoirí á maolú ar an mbealach seo.

Is iad seo a leanas príomhghnéithe an ghréasáin nua:

- Úsáid siombal an 'chláirsigh' le tabhairt le fios gur láithreán oifigiúil/Rialtais é agus go bhfuil difear idir é agus láithreáin ghréasáin idirghabhálaithe éileamh aithrise
- Taithí úsáideora feabhsaithe trí nascleanúint agus dearadh feabhsaithe agus teanga níos intuisceana agus inrochtana:
  - Faisnéis níos soiléire faoin gcaoi le héileamh a dhéanamh etc.
  - CCanna níos soiléire agus níos ábhartha
  - Úsáid níos lú béarlagair/téarmaí dlíthiúla
  - Gluais téarmaí
- Foirm ar líne atá sruthlínithe go suntasach:
  - Níos lú eolais ag teastáil
  - Treoracha agus feidhmeanna cúnaimh níos soiléire

## Mar chuid de Straitéis ríomhSheirbhísí an Bhoird rinneadh athfhorbairt ar an láithreán gréasáin InjuriesBoard.ie i rith 2012, taithí níos furasta le húsáid á tairiscint do na hÉilitheoirí sin ar mian leo a n-éileamh a phróiseáil ar líne



  - Roghanna maidir le tuairiscí dochtúra a chur isteach
  - Cumas rud a shábháil agus a chomhlánú níos deireanaí
  - An cumas do thaifead féin a phriontáil
  - Príomhbhailíochtuithe le sláine sonraí a chinntiú
- Soláthar cás-staidéar agus uirlisí úsáideacha lena n-áirítear meastóir éileamh agus áireamhán caillteanas tuilleamh
- Feidhmiúlacht fheabhsaithe chun éilimh ar líne a chur isteach ar bhonn iomlán nó ina phíosaí
- Tacaíocht ar líne fheabhsaithe lena n-áirítear cumas comhrá idirlín
- Roghanna teagmhála éagsúla:
  - Glao ar ais a lorg
  - Foirm le Teagmháil a dhéanamh linn
  - Cumas comhrá gréasáin
  - Roghanna aiseolais trí láithreán agus fhoirm
- Rochtain níos mó do dhaoine faoi mhíchumas lena n-áirítear beartas gearán ar leith
- Beartas príobháideachta níos cuimsithí
- Rang teagaisc ar líne le píosa fís-scannáin ón Dr Mark Hamilton, le héilitheoirí a threorú trí gach céim den phróiseas
- Faisnéis shaincheaptha d'fhreagróirí agus do dhochtúirí
- Réimse do nuacht agus faisnéis dhinimiciúil
- Naisc cumasaithe do láithreán gréasáin gov.ie agus do na meáin shóisialta
- Optamú innill chuardaigh feabhsaithe
- Cumas freastal ar gheallsealbhóirí eile do chéimeanna forbartha gréasáin ina dhiaidh sin

### ICT

Is príomhchumasaí é an Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide. Tacaíonn ardán teicniúil agus príomhfheidhmeanna an Bhoird leis na riachtanais ghnó reatha. Is í straitéis an Bhoird coinneáil air ag infheistiú san ICT leis an tseirbhís a fheabhsú agus chun cuidiú le clár leanúnach feabhsúcháin éifeachtachta mar chuid de mhór-iarracht ar fud na Gníomhaireachta chun tuilleadh a dhéanamh le níos lú acmhainne – agus ar ndóigh i gcomhthéacs an mhoratóra earcaíochta agus na brúnna eacnamaíocha leanúnacha atá le feiceáil ar fud na n-earnálacha príobháideacha agus poiblí.

Thug an Bord Plean Straitéiseach IT trí bliana chun críche in 2012 (2012-2014). Mar chuid den Phlean seo thug an Bord athbhreithniú ar a Chóras Bainistithe Éileamh chun críche freisin agus tá an rogha á iniúchadh aige faoi láthair chun uasghrádú a dhéanamh go dtí leagan inrochtaineachta gréasáin a d'fhéadfadh comhéadan a bheith níos éasca aige le geallsealbhóirí an Bhoird (Éilitheoir, Freagróir, Pobal Dlíthiúil/Leighis). Tá an acmhainneacht aige seo seirbhís shuntasach a sheachadadh sa todhchaí. I rith na coda deiridh de 2012 cuireadh tús le tionscadal faoi Choincheap an Chruthúnais maidir leis an gcóras molta nua le cinneadh a dhéanamh faoi fheabhsúcháin a theastódh agus chun bearnaí feidhme a aithint más ann dóibh. Leanfaidh an obair seo ar aghaidh i rith 2013, tráth a meastar go n-aontófar plean tionscadail d'fheidhmiú/aistriú go dtí an córas nua.

Mar chuid de Straitéis ríomhSheirbhísí an Bhoird mar a bhfuil cur síos gearr air thuas, athfhorbraíodh láithreán gréasáin an Bhoird i rith 2012 chun taithí níos furasta le húsáid a thairiscint do na hÉilitheoirí sin ar mian leo a n-éileamh féin a phróiseáil ar líne. Is cuid de Straitéis IT fhoriomlán an Bhoird í forbairt ríomhSheirbhísí agus is é an láithreán gréasáin athfhorbraithe an chéad tionscnamh

i sraith tionscnamh atá á mbreithniú do gheallsealbhóirí, cuid acu atá ag brath ar aistriú an Bhoird go dtí an Córas Bainistithe Éileamh uasghrádaithe ó thaobh peirspictíochta ama.

## Saoráidí – Bainistiú Fuinnimh

Sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh 2009 (NEEAP) tá an Rialtas tiomanta a éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú faoin mbliain 2020. Deirtear ann go bhfeabhsóidh an Earnáil Phoiblí a héifeachtúlacht fuinnimh de 33% agus go mbeidh sí mar eiseamláir a léireoidh do gach earnáil an méid is féidir a dhéanamh trí ghníomhartha tiomanta láidre.

Tá an Bord tiomanta don sprioc Rialtais sin agus in 2012 leanadh le Clár Bainistithe Fuinnimh a raibh a leanas san áireamh ann: tionscnaimh agus comórtais feasachta fostaithe, iontaoibh laghdaithe ar aeroiriúnú, athbhreithniú ar úsáid pháipéir agus ar chur amú páipéir agus athbhreithniú ar an soilsiú reatha ar mhaithe le soilsiú LED agus lampaí éifeachtúla fuinnimh a chur ina áit.

Ar na gníomhartha atá bearta do 2013 agus ina dhiaidh, áirítear feidhmíocht fhuinnimh fheabhsaithe trí shoilsiú a uasghrádú go dtí córais níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh agus d'fhócas leanúnach ar fheasacht fhostaithe faoi chúrsaí fuinnimh.

## Acmhainní Daonna

Fostaíonn an Bord fórsa saothair oilte, a bhfuil taithí acu agus atá ardspreagtha, chun a gcroífheidhm, is é sin éilimh a mheas, a sheachadadh. Tá an Bord faoi réir mhoratóir an Rialtais ar earcú agus bhí 69 duine fostaithe ag an mBord in 2012 in aghaidh leithdháileadh foirne de 77 sa Chreat Rialaithe Fostaíochta (ECF). D'éirigh leis an mBord, agus é ag tacú le beartas Rialtais, tríchur a mhéadú le níos lú foirne agus ar chostas níos ísle. Baineadh gnóthachtálacha táirgiúlachta amach – ar phróiseas a bhí éifeachtúil cheana – i ngach ceann den dá bhliain seo caite trí obair níos cliste agus úsáid mhéadaithe Ionaid Seirbhíse seachfhoinsithe do raon níos leithne róil measúnaithe neamhlárnacha. Trí úsáid na saoráide seo a uasmhéadú, ath-leithdháileadh acmhainní inmheánacha agus athbhreithniú ar phróisis agus ar nósanna imeachta sheachadaigh an Bord an líon is airde measúnuithe bliantúla go dtí seo.

Tá dul chun cinn an-mhór déanta an mBord Díobhálacha mar Ghníomhaireacht ó thaobh seachfhoinsithe agus rialaithe costais. Táimid rannpháirteach le daoine eile chun ár dtaithí a roinnt agus chun ceachtanna ó dhea-chleachtas i ngníomhaireachtaí eile a mheas.

Rinneadh athbhreithniú ar Bheartais Acmhainní Daonna, cuireadh feabhas orthu agus tugadh isteach roinnt Beartas nua i rith na bliana i gcomhairle leis an bhfoireann. Ina theannta rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar an gCóras Athbhreithnithe Feidhmíochta.

Lean Coiste Comhpháirtíochta an Bhoird agus Comhchoiste Comhchomhairleach an Bhoird lena gcruinnithe rialta.

Tugadh oiliúint athnuachana don fhoireann go léir ar na Beartais Acmhainní Daonna nua/leasaithe agus ar an gCóras Athbhreithnithe Feidhmíochta nuashonraithe. Éascaíodh an oiliúint seo go hinmheánach agus trí sholáthróirí oiliúna a fuair an Bord, Baker Tilly Ryan Glennon.

# I rith na bliana chuir an Bord nósanna imeachta nua leabaithe i bhfeidhm le déileáil le Bainistiú Riosca lena n-áirítear Creat Bainistithe Riosca nua

Cuireadh Olliúint Theicniúil ar fáil go hinmheánach agus ó Choláiste Oftailmeolaithe na hÉireann, Ospidéal Ollscoile Fiaclóireachta Bhaile Átha Cliath, Cumann Párolla na hÉireann (IPASS) agus Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC).

### Freagracht Shóisialta Chorparáideach

I rith na bliana, d'eagraigh fostaithe an Bhoird roinnt gníomhaíochtaí bailithe airgid le haghaidh Diostróife Mhatánach Éireann agus Cumann Ailse na hÉireann, éascaithe ag an mBord.

### An Úsáid a Bhaintear as Múnla Seachadta Seachtrach

Tá InjuriesBoard.ie múnlaithe ar an modh seachadta inmheánach/seachtrach. Is ionann dualgas an Bhoird go héifeachtach agus próiseas riaracháin (seachas próiseas dlíthiúil agus sáraíoch go dtí seo) a chuidíonn éilimh maidir le Díobhálacha Pearsanta a mheas. Aithníodh obair mheasúnaithe theicniúil ar dtús mar chroí-obair agus earcaíodh foireann measúnóirí cáilithe don obair seo. Faigheann an chroí-obair sin tacaíocht ó obair neamhchroí riaracháin chúil a sholáthraíonn ár nIonad Seirbhísí seachfhoinsithe faoi chonradh. Déileálann ár nIonad Seirbhísí le líon ard gníomhaíochtaí. Is é pointe teagmhála an phobail leis an mBord é agus déileálann leis na glaonna go léir isteach don Bhord agus leis an bpost. Láimhseálann an t-aonad seachadta breis agus 430,000 mír phoist (iliomad doiciméad i gceist le go leor acu) agus breis is 53,000 glao teileafóin gach bliain agus leibhéil arda seirbhíse mar atá comhaontaithe faoin gconradh. Leanann an tIonad Seirbhíse ag déileáil le gnáthghnóthaí a thagann ó chustaiméirí le linn dóibh bainistiú a dhéanamh ar bhreis agus 28,000 iarratas ar éilimh in aghaidh na bliana. Chinn an Bord go straitéiseach gan cur leis an saineolas ó thaobh sreabhanna neamhchroí-oibre ach leas a bhaint as sochar ó thaobh costais ar réitigh seachadta seachtracha. Chuir an cur chuige seo bonn tacaíochta faoin ár samhail fhéinmhaoinithe leanúnach.

Soláthraíonn an múnla seachadta sheachtrach solúbthacht níos fearr ó thaobh uaire oscailte agus athruithe ar an líon oibre. Ní gá go mbeadh rátaí níos airde mar thoradh ar éagsúlachtaí méid oibre laistigh de theorainneacha ar leith. Tá ar chumas an Bhoird freisin a bheith ar oscailt idir 8am agus 8pm, agus mar sin bíonn an Ghníomhaireacht go hiomlán inrochtaine dár gcustaiméirí ag amanna is oiriúnaí dóibh lena nÉilimh maidir le Díobháil Phearsanta a chur isteach. (Féadtar iarratais a dhéanamh freisin 24 uair a chloig in aghaidh an lae ar ár saoráid ar líne, rud a thugann ardleibhéal solúbthachta don Éilitheoir).

Tá sé léirithe ag an múnla go bhfuil sí inbhuanaithe agus thug solúbthacht leanúnach don Bhord chun obair nuálaíochta a dhéanamh go leanúnach agus leas a bhaint as réitigh sreafa oibre cúloifige nach mbeadh ar fáil murach sin do ghníomhaireacht ar chomh-mhéid linne. Baineadh leas as gníomhaíochtaí cineálacha mar ghnáthsheirbhísiú glaonna, bainistiú doiciméad agus bainistiú fiach sna chéad bhlianta den Bhord ach tá siad leathnaithe amach anois go seirbhísí breise a bhfuil castacht theicniúil níos mó ag baint leo, agus chuidigh siad sin go léir chun ár mbonn costais a ísliú in 2012 le linn dúinn déileáil le méaduithe leanúnacha ar mhéid na hoibre a bhí thart ar 7% in 2012.

D'fhéadfadh eagraíochtaí eile an stáit leas a bhaint as samhail soláthróirí seachtracha le réiteach éifeachtúil agus cost-éifeachtach a thairiscint do ghníomhaíochtaí mar Cheadúnú, Clárúchán, Deimhniúchán, áit a bhféadfadh réiteach comhroinnte agus pointe rochtana

amháin do chustaiméirí nascadh le hobair reachtúil/croí-obair fhoirmiúil i ngach réimse uathúil. D'fhéadfadh cur chuige mar sin costas seachadta seirbhíse a ísliú agus seirbhísí ardcháilíochta á gcur ar fáil do na saoránaigh.

Tá an Bord i mbun rannpháirtíochta gníomhaí leis an Rialtas, le Státseirbhísigh agus le Gníomhaireachtaí eile i ndáil le deiseanna leasaithe trasfheidhmeacha a d'fhéadfadh a bheith ann. Táimid ag imscrúdú comhaontuithe creata nuálaigh a fhorbairt le soláthraithe seirbhíse áit a mbeidh an deis ag Gníomhaireachtaí/Eagraíochtaí eile leas a bhaint as na seirbhísí freisin. Ag an am céanna táimid ag súil leas a bhaint as creata eile atá forbartha ag Gníomhaireachtaí eile, d'fhonn aschur níos fearr a sheachadadh, sástacht chustaiméara mhéadaithe agus iad ar bhonn costais níos ísle.

## Iniúchadh Inmheánach

Is mír lárnach í an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh chun an Bord a chur ar an eolas faoi éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh. Feidhmíonn na hiniúchóirí inmheánacha de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Ullmhaíodh tuarascálacha iniúchóra inmheánaigh in 2012 a chlúdaigh réimse leathan: Airgeadas, Féichiúnaithe, Oibríocht, ICT, Soláthair agus Bainistiú Taifead agus cuireadh os comhair an Choiste Iniúchta iad. Níor aithníodh aon saincheisteanna suntasacha.

## Rialachas Corparáideach

Feidhmíonn InjuriesBoard.ie de réir fhorálacha an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003. Feidhmíonn an Bord faoi choimirce an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta a bhfuil de chumhacht aige maoiniú a sholáthar don Ghníomhaireacht lena chur ar a cumas a dualgas a chomhlíonadh agus faisnéis áirithe ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a lorg. Níor lorg an Bord cistí ón Státchiste ó ceadaíodh deontas bunaithe tosaigh agus rinneadh é sin a aisíoc in iomlán ina dhiaidh sin in 2011.

I dteannta a reachtaíochta rialaithe féin, caithfidh an Bord cloí le raon eile de cheanglais reachtúla (Náisiúnta agus AE) agus riaracháin. Go háirithe tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na ceanglais shainiúla seo a leanas:

### Cód Cleachtais le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tá nósanna imeachta forbartha agus curtha i bhfeidhm ag InjuriesBoard.ie lena chinntiú go gcloítear leis an gcód cleachtais seo. Go bliantúil, deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird go foirmiúil don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta gur chloígh an Bord leis an gCód thuasluaite.

### Bainistiú Riosca

Chuir an Bord nósanna imeachta nua lánleabaithe i bhfeidhm i rith na bliana chun déileáil le Bainistiú Riosca lena n-áirítear Creat Bainistithe Riosca nua. Tá an creat cuimsitheach seo lánphāirtithe go hiomlán anois le Clár Dearbhaithe Cáilíochta an Bhoird.

### An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995

Tagann InjuriesBoard.ie laistigh de scóip an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus tá nósanna imeachta glactha aige chun cloí leis an Acht. Dá réir, más ga, tá ráitis shainleasa curtha i gcrích ag Comhaltaí an Bhoird agus ag gach ball foirne a bhfuil post sainithe acu ag cloí le forálacha an Achta. Sa bhreis air sin, tá nósanna imeachta i bhfeidhm do nochtadh leanúnach leasanna Chomhaltaí an Bhoird agus na foirne ag an leibhéal Bainistíochta.

## Níor lorg an Bord cistí ón Státchiste ó ceadaíodh deontas bunaithe ag an tús a aisíocadh go hiomlán ina dhiaidh sin in 2011

### An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an mBord chun forálacha an Achta a chomhlíonadh agus tá ráiteas sábháilteachta glactha aige a chuimsíonn gach gné de leas na foirne.

### Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004

Tá InjuriesBoard.ie tiomanta do pholasaí chomhionannas deiseanna agus glactar cur chuige dearfach i leith an chomhionannais san eagraíocht. Tá an Bord tiomanta do thimpeallacht oibre/saoil chothrom a fhorbairt. Feidhmíonn sé socruithe fleisc-ama don fhoireann ghrádaithe a bhfuil ceanglas orthu maidir le huaslíon agus íoslíon uaireanta oibre.

### Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

Is rialaitheoir sonraí cláraithe é InjuriesBoard.ie faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Feidhmíonn an Bord de réir Beartas Cosanta Sonraí foirmiúil mar a comhaontaíodh le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Cuireann sé seo an Bord chun tosaigh ó thaobh nósanna imeachta cosanta sonraí a chur i bhfeidhm, cearta bunúsacha príobháideacha an duine á gcosaint aige mar seo agus rialú a fheidhmiú ar an gcuí a chuirtear faisnéis phearsanta ar fáil faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

### Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Tagann InjuriesBoard.ie faoi réimse freagrachta Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chuireann creat reachtúil ar fáil chun seirbhísí a sheachadadh i nGaeilge. De réir Alt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.

### Soláthar

Is tairiscint iomaíoch í an nós imeachta a úsáideann an Bord de ghnáth sa phróiseas soláthair. Bhí aird chuí ag na tairiscintí a eisíodh ar thairseacha luacha do chur i bhfeidhm rialacha soláthair. Deimhníonn InjuriesBoard.ie go gcomhlíonfar nósanna imeachta tairisceana i ndáil le tairiscintí iomaíocha. Áireofar leis seo go gcloífear le treoirlínte náisiúnta agus Treoracha iomchuí ón AE, a bhfuil feidhm dlí leo in Éirinn agus i ngach Ballstát. Déanann an Bord athbhreithniú ar a chuid nósanna imeachta agus beartas soláthair go leanúnach agus soláthraítear oiliúint don phearsanra cuí sa réimse teicniúil tábhachtach seo.

Reachtáladh roinnt comórtais tairiscintí éagsúla in 2012 lena n-áirítear Ceadúnais TF, Tomhaltáin, Stáiseanóireacht Oifige, Trealamh agus Fóntais Oifige.

### Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Aithníonn InjuriesBoard.ie go bhfuil sé freagrach as a chinntiú go gcomhlíonfar forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Mall i gcás Bearta Tráchtála) 2002, i ngach pointe ábhartha. Is é beartas an Bhoird a chinntiú go ndéanfar rianú ar gach sonrasc agus go n-íocfar iad go tapa roimh an dáta dlite chun críche úis agus táillí.Tá na nósanna imeachta i bhfeidhm chun dearbhaithe réasúnacha a chur ar fáil i gcoinne neamhchomhlíonadh an Achta agus na Rialachán.

### Cánachas

Deimhníonn InjuriesBoard.ie go gcomhlíonfar dlíthe cánach. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil an Bord ina eiseamláir agus é ag comhlíonadh a oibleagáid faoi dhlíthe cánach agus go n-íocfar dliteanais chánach ar na dátaí dlite iomchuí nó roimh na dátaí sin.

### Pleanáil Straitéiseach

Foilsíodh dara Plean Straitéiseach an Bhoird i rith na bliana. Leagann Plean 2012-2016 amach príomh-Chuspóirí Straitéiseacha an Bhoird thar na bliana atá le teacht mar aon leis na príomhghníomhartha atá le déanamh chun na Cuspóirí seo a bhaint amach. Ag an leibhéal Oibríochta ailínítear cuspóirí foirne agus Pleananna Gnó Bliantúla le Cuspóirí Straitéiseacha an Bhoird i gcónaí.

## Caidreamh le Geallsealbhóirí

Choinnigh InjuriesBoard.ie lena chlár rannpháirtíochta le príomh-gheallsealbhóirí i rith 2012. Sa bhreis ar chruinnithe rialta leis an mháthair-Roinn (Post, Fiontar & Nuálaíochta) agus le hionadaithe ó ghrúpaí Éilitheoirí agus Freagróirí, bhuail an Bord le go leor geallsealbhóirí eile i rith na bliana. Tá aiseolas ónár gcuid geallsealbhóirí riachtanach agus sinn ag leanúint ag forbairt, ag feabhsú agus ag feidhmiú beartas.

Seo a leanas roinnt de na heagraíochtaí a raibh cruinnithe againn leo i rith na bliana: An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí, Dlí-Chumann na hÉireann (ina bhfuil Fóram Úsáideoirí bunaithe), An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí, An Cumann Cosanta Liachta. Chomh maith leo seo rinneadh roinnt cur i láthair do chomhlachtaí éagsúla lena n-áirítear Institiúid Árachais na hÉireann, Comhdháil Athbhreithnithe Sláinte & Sábháilteachta, Seimineár Árachais Mótair Deloitte, Comhairle Charrchíosa na hÉireann agus institiúidí oideachais tríú leibhéal mar Choláiste na hOllscoile, Gaillimh.

### Grúpaí Úsáideoirí

Agus iarracht á dhéanamh seirbhísí a fheabhsú, bhunaigh an Bord dhá Ghrúpa Úsáideoirí: Comhlachtaí Árachais, trí Chónaidhm Árachais na hÉireann (ar a dtugtar anois Insurance Ireland) agus aturnaetha tríd an Dlí-Chumann. I rith 2012 tionóladh cruinnithe leis an Dlí-Chumann ar an 21 Bealtaine agus an 15 Samhain agus le Cónaidhm Árachais na hÉireann ar an 26 Aibreán.

### Comhoibriú Idir-Ghníomhaireachta

Tá ionadaíocht ag an mBord ar an gCoiste Sábháilteachta Feithicle Bainteach le Sláinte & Sábháilteachta san Ionad Oibre a reáchtálann an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) agus an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA). Mar ionadaí tá an Bord tar éis sonraí comhiomlánaithe ábhartha a chur ar fáil maidir le timpistí san ionad oibre a mbeadh feithiclí bainteach leo. Tá an t-eolas seo úsáideach i dtéarmaí clár sábháilteachta an RSA agus an HSA.

Déileálann feachtas fógraíochta raidió agus preasa ‘BeSmart’, a sheol HSA, le costas agus le tionchar timpistí san ionad oibre agus baineann úsáid as sonraí an Bhoird le bonn a chur faoina meánluacha cúitimh. Is céim thábhachtach í seo le haitheantas a thabhairt don Bhord mar phríomhúdarás ar chostas Díobhálacha Pearsanta.

# I rith 2012, choinnigh InjuriesBoard.ie air lena chlár rannpháirtíochta le príomh-gheallsealbhóirí



## Taighde Feasachta

Choimisiúnaigh an Bord taighde i rith na bliana le feasacht an phobail ar an mBord Díobhálacha agus a phróisis a thomhas. Ní nach ionadh tháinig laghdú ar fheasacht spreagtha an ainm bhranda ó 50% i nDeireadh Fómhair 2011 go 42% i Nollaig 2012, agus an Bord ag díriú a chuid acmhainní ar lucht éisteachta ardsprice in áit na mórthionscnamh feasachta ó bhlianta roimhe. D'fhág an t-athrú seo ar a straitéis nach ndearnadh aon fhógraíocht (seachas Fógraí de chuid Google) agus nach raibh socruithe urraíochta i bhfeidhm, gan ann anois ach geallsealbhóirí sonracha agus éilitheoirí ionchasacha ina n-áit, e.g. Fógraí de chuid Google, bileog i lialanna & leabhrán eolais an Bhainc Ceannais, agus ní an pobal i gcoitinne.

Léirigh taighde an Bhoird freisin gur laghdaigh feasacht faoin ghá gan aturnae a úsáid chun déileáil leis an mBord Díobhálacha ó 21% i nDeireadh Fómhair 2011 go 18% i Nollaig 2012. Go suntasach, díobh siúd atá feasach léirigh 51% go ndéanfaidís iarratas díreach, agus ní dhéanfadh ach 33% iarratas trí aturnae. Agus tairbhí iarratas díreach ar chostas níos ísle don sochaí agus don tomhaltóir á gcur san áireamh, tá an Bord imníoch i gcónaí faoi leibhéil arda an chur chun cinn agus na fógraíochta ag idirghabhálaithe a bhaineann leas substainteach as an mbearna feasachta thuasluaite.

Cuideoidh an taighde seo leis an mBord ina chláir faisnéise poiblí sa todhchaí. Cé nach ndéanfaidh ach céatadán beag den phobal éileamh in aon bhliain ar bith tá sé tábhacht go mbeadh eolas ar fáil acu sin a mbíonn timpistí acu a luaithe agus is féidir leo le gur féidir cinneadh a bhfuil bonn eolais faoi a dhéanamh faoin gcaoi le dul chun cinn má thograíonn siad cúiteamh a lorg.

# Cuid 5

## Ráitis Airgeadais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2012



# Cuid 5

## Ráitis Airgeadais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2012

Cuid 5

## Clár


| | |
|---|---|
| Eolas Ginearálta | 37 |
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird | 38 |
| Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmheánach | 39 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 40 |
| Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta | 42 |
| An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 43 |
| Clár Comhardaithe | 44 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 45 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 46 |

# Eolas Ginearálta



## Comhaltaí an Bhoird

| | |
|---|---|
| Dorothea Dowling – Cathaoirleach | |
| Joe O'Toole | |
| Patricia Byron | |
| John Fay | a d'éirigh as 12 Aibreán 2012 |
| Tom Noonan | |
| Jerry Fitzpatrick | |
| Ann Fitzgerald | a d'éirigh as 15 Deireadh Fómhair 2012 |
| Breda Power | |
| Bernard Sheridan | |
| Frank Cunneen | a d'éirigh as 12 Aibreán 2012 |
| An tOllamh Denis Cusack | a d'éirigh as 12 Aibreán 2012 |
| Martin Naughton | a tháinig ar an mBord 5 Aibreán 2012 |
| John Lynch | a tháinig ar an mBord 1 Lúnasa 2012 |
| Fionnuala O'Loughlin | a tháinig ar an mBord 1 Lúnasa 2012 |
| Sean Murphy | a tháinig ar an mBord 20 Nollaig 2012 |

## Oifig

Teach Grain
Halla an Mhalartáin
Cearnóg Belgard Thuaidh
Tamhlacht
Baile Átha Cliath 24

## Iniúchóir

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

## Baincéirí

Banc na hÉireann
4-6 Priorsgate
An tSráid Mhór
Tamhlacht
Baile Átha Cliath 24

## Aturnaetha

Arthur Cox & Co.
Ionad Phort an Iarla
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2

## Láithreán Gréasáin

www.injuriesboard.ie

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Cuid
5

Ceanglaíonn Alt 77 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003 ar an mBord ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhormáid agus sa tslí atá sonraithe ag an Aire Fiontar, Post agus Nuálaíochta.


Agus an Bord ag ullmhú na ráiteas airgeadais seo, ceanglaítear air:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Bord ag feidhmiú.
- A luadh ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir ag aon imeacht ábhartha a nochtaítear agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth, staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go mbíonn na ráitis airgeadais ag cloí le hAlt 77 den Acht. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní a chosaint agus as sin céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar Ceann an Bhoird





**Jerry Fitzpatrick** | **Joe O'Toole**

**27 Meitheamh 2013**

# Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Imheánach

Thar ceann Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, tugaim aitheantas don fhreagracht atá orainn a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú.

Ní féidir le córas airgeadais inmheánaigh den sórt sin ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt in aghaidh earráidí ábharthacha. Tugann an córas deimhniú réasúnach go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go n-aimsítear iad laistigh de thréimhsí tráthúla.

## Príomh-Nósanna Imeachta Rialaithe

Tá céimeanna glactha ag an mBord chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú tríd seo a leanas:

- freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus a chinntiú go nglactar gníomh ceartaitheach cuí;
- Coiste Iniúchta a bhunú le comhairle a chur ar an mBord maidir lena bhfreagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh a chomhlíonadh.

Leanann an Bord de bheith ag forbairt agus ag feabhsú próisis bhainistíochta chun rioscaí gnó a aithint agus meastóireacht a dhéanamh orthu trí na nithe seo a leanas:

- nádúr, méid agus tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na rioscaí atá os comhair an Bhoird a aithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a meastar a bheith inghlactha;
- measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí aitheanta;
- measúnú a dhéanamh ar chumas an Bhoird na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a íoslaghdú;
- measúnú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le rialuithe áirithe a oibriú i gcomparáid leis an leas a fhaightear.

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreat oibre d'eolas rialta bainistithe, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas cleachtais tarmligin agus cuntasachta. Áirítear ann go háirithe:

- córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil, a athbhreithníonn agus a chomhaontaíonn an Bord tríd an gCoiste Airgeadais;
- ráiteas faoi shreabhadh airgid míosúil le hanailís ar chatagóirí ioncaim agus caiteachais mhóra, a athbhreithníonn Coiste Airgeadais an Bhoird;
- córas cuntasaíochta airgeadais a chur i bhfeidhm – tá córas bogearraí ríomhaire bunaithe ag an mBord lena n-áirítear pacáiste cuntasaíochta chun na rialuithe airgeadais inmheánaigh a éascú.

Tá Coiste Iniúchta agus gnólacht iniúchóirí gairmiúla neamhspleácha ceaptha ag an mBord chun dul i mbun na feidhme iniúchta inmheánaigh. Oibríonn an fheidhm iniúchta inmheánaigh de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit. Cuirtear le hobair an iniúchta inmheánaigh trí anailís a dhéanamh ar an riosca a bhaineann leis an mBord. Déanann an Coiste Iniúchta athbhreithniú bliantúil ar na ráitis airgeadais bhliantúla. Bunaíodh Coiste Airgeadais chun ráitis airgeadais bhliantúla agus buiséid bhliantúla a athbhreithniú agus forléargas a dhéanamh ar nósanna imeachta airgeadais go ginearálta.

Ceadaíonn an Príomhfheidhmeannach an anailís riosca agus na pleananna iniúchta inmheánacha agus tá siad faoi réir formhuinithe an Choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchta agus faoi réir faomhadh an Bhoird.

## Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú ar an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012.

## An Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit

Seachas Plean Corparáideach Soláthair atáthar ag ullmhú, deimhním gur cloíodh leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012.

**Dorothea Dowling**
*Cathaoirleach*

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Cuid 5

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 faoin Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003. Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus na cuntais á n-ullmhú ná dlí infheidhme agus Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn.

## Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí an Bhoird, ar a ioncam agus caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is í an fhreagracht atá orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt orthu de réir dlí infheidhme.

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht.

Déanaim m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus ag cloí le Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird Chleachtais Iniúchta ag an am céanna.

## Scóp Iniúchta na Ráiteas Airgeadais

I rith iniúchta, ní mór fianaise a fháil faoi na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, fianaise leordhóthanach a thabharfadh deimhniú réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráitis ábhartha, cibé ar calaois nó earráid is cúis leo. Áirítear air sin measúnú ar na nithe seo a leanas

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca an Bhoird, agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach agus ar nochtadh ar shlí leordhóthanach iad
- réasúnacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a ndéantar agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Lorgaím fianaise chomh maith faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Chomh maith leis sin, léigh mé an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais ar fad i dtuarascáil bhliantúil an Bhoird chun neamhréireachtaí ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais a bhfuil iniúchadh déanta orthu a aithint. Má thugaim aon mhíráiteas nó neamhréireachtaí ábhartha dealraitheacha faoi deara, breithním na tionchair a bheidh acu sin ar mo thuarascáil.

## Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh i gceart de réir Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn, léargas fíor agus cothrom ar riocht ghnóthaí an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2012 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas do 2012.

Is é mo thuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an mBord. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

## Ábhair lena dtuairiscím le heisceacht

Tuairiscím trí eisceacht

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- má thug m'iniúchadh aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe ar aird, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu, nó
- mura mbíonn an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird don bhliain dá n-ullmhaítear na ráitis airgeadais ag teacht leis na ráitis airgeadais, nó
- mura léiríonn an Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmheánaigh comhlíonadh an Bhoird leis an gCód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit, nó
- má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin a dhéantar a thuairisciú trí eisceacht.

**Patricia Sheehan**
*Don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus thar a cheann*

**31 Iúil 2013**

# Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta



## Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin modh fabhruithe cuntasaíochta agus faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil de réir chleachtas cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leis agus tá siad san fhoirm a comhaontaíodh leis an Aire Fiontar, Post agus Nuálaíochta. Is é an Euro an t-aonad airgeadra a ainmnítear sna ráitis airgeadais.

## Ioncam ó Tháillí

Tá ioncam ó tháillí comhdhéanta de Tháillí Éilitheoirí agus Freagróirí. Aithnítear táillí éilitheoirí ar bhonn fáltais airgid thirim. Aithnítear Táillí Freagróra nuair a thoilltear chuig próiseas measúnaithe an Bhoird.

## Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Luaitear na Sócmhainní Seasta Inláimhsithe ag costas nó luacháil lúide dímheas carntha. Soláthraítear dímheas ar bhonn na líne dírí ag rátaí a mheastar a laghdóidh sócmhainní chuig luachanna inréadaithe faoi dheireadh a saoil úsáidigh mheasta mar seo a leanas:

| Feabhsuithe Léasachta | Na blianta atá fanta ar an léas | |
|---|---|---|
| Crua-earraí/Bogearraí TF | 25% | Líne Dhíreach |
| Trealamh Oifige | 20% | Líne Dhíreach |
| Fearais & Feistis | 12.50% | Líne Dhíreach |
| Troscán Oifige | 12.50% | Líne Dhíreach |

## Cánachas

Tá an Bord díolmhaithe ó Cháin Ioncaim agus ó Cháin Chorparáide faoi Alt 220 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Ní bhaineann an díolúine seo le hús taisce. Sa chás go bhfuil ús infhaighte faoi réir cánach i gceist (m.sh. DIRT) cuirtear an glanmhéid chun sochair an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais.

## Léas Oibríochta

Cuirtear íocaíochtaí faoin léas oibríochta chun muirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais.

## Aoisliúntas

Toisc na socruithe, mar atá leagtha amach i Nóta 14, atá an Bord ag cur i bhfeidhm maidir leis an scéim shochair shainithe a bheidh i bhfeidhm d'fhostaithe, is é dearcadh an Bhoird nach bhfuil forálacha Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17, Cuntasaíocht do Shochair Scoir, i ndáil le cuntasaíocht do dhliteanais phinsin a thagann chun cinn faoi scéimeanna shochair shainithe infheidhme maidir lena n-imthosca.

Dá réir sin, cuireann an Bord na ranníocaíochtaí fostóra de mhuirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain, amhail is dá mba scéim ranníocaíochtaí sainithe í an scéim.

## Féichiúnaithe

Díscríobhtar drochfhiacha atá ar eolas agus déantar soláthar sonrach d'aon mhéideanna a cheaptar go mbeadh a mbailiú amhrasach.

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

| | Nótaí | 2012 € | 2011 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Ioncam ó Tháillí | *1* | **12,764,769** | 12,977,558 |
| Ús Infhaighte | | **263,485** | 406,791 |
| Aistriú ón gCuntas Caipitil | *13* | **23,000** | 23,000 |
| Ioncam Eile | | **65,253** | 138,420 |
| Ioncam Iomlán | | **13,116,507** | 13,545,769 |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail, Pinsin agus costais ghaolmhara | *2* | **5,392,303** | 5,495,002 |
| Costais Phróiseála Éileamh | *3* | **1,710,689** | 1,567,941 |
| Táillí na gComhaltaí Boird | *2* | **66,272** | 85,485 |
| Costais Chóiríochta & Bhunaíochta | *4* | **432,241** | 437,151 |
| Earcú, Oiliúint & Oideachas | *4* | **49,557** | 28,083 |
| Faisnéis, Taighde & Cumarsáid | *4* | **259,496** | 260,986 |
| Costais Dlí & Táillí Gairmiúla | *4* | **225,641** | 208,014 |
| Costais Athbhreithnithe Breithiúnach | *4* | **166,420** | (109,673) |
| Costais TF | *4* | **302,302** | 317,443 |
| Costais Teileachumarsáide | | **115,495** | 113,025 |
| Riarachán Ginearálta | *4* | **474,968** | 544,505 |
| Caillteanas ar Dhiúscairt Shócmhainní Seasta | | **172** | 0 |
| Dímheas | | **211,765** | 181,940 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **9,407,321** | 9,129,902 |
| **BARRACHAS DON BHLIAIN** | | **3,709,186** | 4,415,867 |
| **Aisíocaíocht chuig an Roinn Fiontar, Post agus Nuálaíochta** | *5* | **0** | (6,680,857) |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir** | | **10,206,531** | 12,471,521 |
| **IARMHÉID AG DEIREADH NA BLIANA** | | **13,915,716** | 10,206,531 |

Níl aon ghnóthachain ná caillteanais eile ag an mBord sa bhliain airgeadais seachas iad sin a ndéileáiltear leo sna ráitis airgeadais. Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta agus na Nótaí 1 go dtí 17.

Thar Ceann an Bhoird

**Jerry Fitzpatrick** **Joe O'Toole**

**27 Meitheamh 2013**

Cuid
5

# Clár Comhardaithe

## amhail an 31 Nollaig 2012

Cuid 5

| | *Nótaí* | 2012 € | 2012 € | 2011 € | 2011 € |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | *6* | | **905,993** | | 915,234 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Féichiúnaithe | *7* | **1,523,456** | | 1,479,908 | |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | | **13,773,399** | | 10,292,281 | |
| **Sócmhainní Reatha Iomlána** | | **15,296,855** | | 11,772,189 | |
| **Dliteanais Reatha** | | | | | |
| Creidiúnaithe: Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin | *8* | **1,160,218** | | 1,316,744 | |
| **Glan-Sócmhainní Reatha** | | | **14,136,637** | | 10,455,445 |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha** | | | **15,042,630** | | 11,370,679 |
| Soláthar le haghaidh dliteanas | *9* | | **896,915** | | 911,148 |
| **Glan-Sócmhainní** | | | **14,145,716** | | 10,459,531 |
| **Maoinithe ag:** | | | | | |
| Cuntas Caipitil | *13* | | **230,000** | | 253,000 |
| Cuntas Ioncaim &Caiteachais | | | **13,915,716** | | 10,206,531 |
| **An tIomlán Maoinithe ag:** | | | **14,145,716** | | 10,459,531 |

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta agus na Nótaí 1 go dtí 17.

Thar Ceann an Bhoird

**Jerry Fitzpatrick** **Joe O'Toole**

**27 Meitheamh 2013**

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

| | *Nótaí* | **2012** | **2011** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| **Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid** | | | |
| Glan Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibríochta | *10* | **3,420,329** | 3,229,633 |
| Aischuir ar Infheistíochtaí agus Seirbhísiú Airgeadais | | | |
| Ús Bainc | | **263,485** | 406,791 |
| Aisíocaíocht chuig an Roinn Fiontar, Post agus Nuálaíochta | | **0** | (6,937,640) |
| **Sreabhadh Airgid roimh Chaiteachas Caipitil** | | **3,683,814** | (3,301,216) |
| **Caiteachas Caipitil** | | | |
| Ceannach Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | *6* | **(202,696)** | (431,471) |
| Díolachán Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | | **0** | 0 |
| **Glan eis–sreabhadh Airgid ó Chaiteachas Caipitil** | | **(202,696)** | (431,471) |
| **Gluaiseacht Airgid don Bhliain** | *10* | **3,481,118** | (3,732,687) |

Thar Ceann an Bhoird

**Jerry Fitzpatrick**

**Joe O'Toole**

**27 Meitheamh 2013**

Cuid 5

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012



## 1 Ioncam ó Tháillí

| | 2012<br>€ | 2011<br>€ |
|---|---|---|
| Ioncam ó Tháillí Éilitheoirí | **1,297,296** | 1,220,290 |
| * Ioncam ó Tháillí Freagróirí | **11,467,473** | 11,757,268 |
| | **12,764,769** | 12,977,558 |

* Gearrtar an táille freagróra i leith déileáil an Bhoird le hiarratas (mar a bhfuil cur síos air in Acht PIAB). Aithnítear táillí freagróirí mar thoiliú do InjuriesBoard.ie. Is é 7.1 mí an meán-am chun measúnú a thabhairt chun críche.

## 2 i) Tuarastail, Pinsin agus Costais Ghaolmhara

| | 2012<br>€ | 2011<br>€ |
|---|---|---|
| Tuarastail | **3,997,627** | 4,085,180 |
| Ranníocaíochtaí Aoisliúntais an Fhostóra | **1,030,767** | 1,046,993 |
| Ranníocaíochtaí ÁSPC an Fhostóra | **363,909** | 362,828 |
| | **5,392,303** | 5,495,001 |

* Rinneadh Asbhaint a Bhaineann le Pinsean €282,268 a asbhaint agus íocadh í leis an Roinn Fiontar, Post agus Nuálaíochta in 2012. Rinneadh €279,484 a asbhaint agus a íoc leis an Roinn in 2011.

### An Líon Foirne

| | | |
|---|---|---|
| An meán-líon foirne fostaithe go díreach ag an mBord | 69 | 70 |

| | | |
|---|---|---|
| Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh | | |
| Patricia Byron | | |
| Tuarastal | 178,793 | 178,798 |

San áireamh i bhfigiúr an tuarastail thuas tá €10,994 do liúntas cairr arbh ionann é agus €11,000 in 2011. Cuireadh deireadh le híocaíochtaí feidhmíochta in 2010.

## 2 ii) Táillí agus Costais an Bhoird

| | 2012<br>€ | 2011<br>€ |
|---|---|---|
| Táillí na Bhoird | **66,272** | 85,485 |

### De Réir an Chomhalta Boird

| | 2012 € | 2011 € |
|---|---|---|
| * Dorothea Dowling – Cathaoirleach | **9,747** | 19,440 |
| Joe O'Toole | **11,970** | 11,340 |
| John Fay | **3,391** | 11,340 |
| Tom Noonan | **11,970** | 11,340 |
| Jerry Fitzpatrick | **11,970** | 11,340 |
| Frank Cunneen | **3,391** | 11,340 |
| Martin Naughton | **8,845** | 0 |
| John Lynch | **4,988** | 0 |
| An tOllamh Denis Cusack | **0** | 9,345 |
| | **66,272** | 85,485 |

* Scoireadh íocaíocht táillí Boird don Chathaoirleach Dorothea Dowling ar 21 Meitheamh 2012, tar éis don Bhord soiléiriú a lorg ar infheidhmeacht an phrionsabail leasaithe Duine Amháin Tuarastal Amháin a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Samhain 2011.

Níor íocadh táille ar bith leis na Comhaltaí Boird seo a leanas i rith 2012: Ann Fitzgerald, Fionnuala O'Loughlin, Breda Power, Sean Murphy agus Bernard Sheridan.

**Níor íocadh aon chostais le comhaltaí Boird do 2012.**

## 3 Costais Phróiseála Éileamh

| | 2012<br>€ | 2011<br>€ |
|---|---|---|
| Costais an Ionaid Seirbhíse Seachfhoinsithe | **1,710,689** | 1,567,941 |
| Táillí Liachta a bhain le hÉilimh Leighis | **5,282,507** | 4,348,426 |
| Táillí Eile a bhain le hÉilimh | **113,382** | 81,111 |
| Costais a bhain le hÉilimh a bheidh le hAisíoc | **(5,395,889)** | (4,429,537) |
| | **1,710,689** | 1,567,941 |

* Mar chuid den phróiseas (féach Nóta 1) déanann an Bord seirbhísí raon de chleachtóirí gairmiúla a áirithiú lena n-áirítear liachleachtóirí ginearálta, comhairleoirí agus achtúirí. Soláthraíonn an t-eolas a fhaightear an t-eolas riachtanach do Mheasúnóirí Reachtúla chun measúnú a dhéanamh ar dhamáistí. Athraíonn leibhéal na gcostas a bhaineann le héilimh de réir an éilimh. Mar gheall ar mheán-amlíne an phróisis beidh costais phróiseála éileamh a tabhaíodh in 2013 bainteach le toilithe a fuarthas in 2012. Níl na costais seo ar fáil sna ráitis airgeadais. Déanann an Freagróir na costais seo agus costais eile bainteach leis an éileamh a aisíoc leis an mBord.

## 4 Caiteachas

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Costais Chóiríochta & Bhunaíochta** | | |
| Cíos, Rátaí agus Muirir Seirbhíse | **308,681** | 309,522 |
| Glanadh agus Slándáil | **54,254** | 55,994 |
| Solas & Teas, Cothabháil agus Eile | **69,306** | 71,635 |
| | **432,241** | 437,151 |

| **Costais a bhaineann le hEarcú, Oiliúint & Oideachas** | **€** | **€** |
|---|---|---|
| Oiliúint, Oideachas agus costais eile | **48,143** | 28,083 |
| Fógraíocht, Agallaimh agus costais earcaíochta eile | **1,414** | 0 |
| | **49,557** | 28,083 |

| **Costais a bhain le Faisnéis, Taighde & Cumarsáid** | **€** | **€** |
|---|---|---|
| Feachtas Brandála & Feasachta | **111,776** | 94,568 |
| Fógraíocht – Eile | **120,974** | 105,155 |
| Fógraíocht – Urraíocht | **0** | 40,000 |
| Bileoga Eolais/Bróisiúir & Foilseacháin | **26,746** | 21,263 |
| | **259,496** | 260,986 |

| **Costais Dlí & Táillí Gairmiúla** | **€** | **€** |
|---|---|---|
| Táillí Staitisticiúla, Iniúchta Inmheánaigh agus Gairmiúla eile | **120,958** | 119,364 |
| Táillí Iniúchta | **12,925** | 12,100 |
| Comhairlí Ginearálta Dlí | **91,758** | 76,550 |
| | **225,641** | 208,014 |

| **Costais Athbhreithnithe Breithiúnach** | **€** | **€** |
|---|---|---|
| Soláthar d'Athbhreithniú Breithiúnach Breise – Cásanna S.44 (Nóta 9) | **0** | 56,383 |
| Soláthar d'Athbhreithniú Breithiúnach Breise – Eile (Nóta 9) | **634,637** | 121,655 |
| Scaoileadh le Soláthar d'Athbhreithniú Breithiúnach – Cásanna S.44 (Nóta 9) | **(28,496)** | (53,163) |
| Scaoileadh le Soláthar d'Athbhreithniú Breithiúnach – Eile | **(439,721)** | (234,548) |
| | **166,420** | (109,673) |

## 4 Caiteachas (ar leanúint)

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Costais TF** | | |
| Forbairt Bogearraí TF | **(26,979)** | 5,058 |
| Táillí Ceadúnais TF | **194,231** | 212,517 |
| Tacaíocht & Cothabháil TF | **112,815** | 77,756 |
| Earraí Inchaite & Oiliúint TF | **18,508** | 20,794 |
| Costais Eile TF | **3,727** | 1,318 |
| | **302,302** | 317,443 |

| | | |
|---|---|---|
| **Riarachán Ginearálta** | € | € |
| Postas | **332,681** | 286,884 |
| Taisteal & Cothabháil | **4,454** | 8,162 |
| Stáiseanóireacht Oifige | **25,128** | 36,654 |
| Árachas | **51,556** | 54,463 |
| Foireann Shealadach | **5,062** | 26,614 |
| Costais Éagsúla | **11,634** | 16,738 |
| Caiteachas a Bhain le Fostaithe | **5,077** | 7,504 |
| Ús Íoc Pras | **735** | 5,501 |
| Soláthar d'Fhiacha Amhrasacha | **(115,239)** | (50,888) |
| Táillí Discríofa a bhain le Freagróirí | **109,150** | 118,800 |
| Táillí Discríofa a Bhain le hÉilimh | **44,730** | 34,073 |
| | **474,968** | 544,505 |

Cuid 5

## 5 Aisíocaíocht chuig an Roinn Fiontar, Post agus Nuálaíochta

Mar gheall ar chinneadh a rinne an Bord i Nollaig 2011, rinneadh na costais a thabhaigh an Bord in 2004 agus in 2005 de €6.938m (*roinnte de réir na bliana) a aisíoc chuig an Roinn Fiontar, Post agus Nuálaíochta. I gcuntais na mblianta 2004 agus 2005, caitheadh leis na costais thosaigh mar Dheontas Rialtais i gCuntas Ioncaim agus Caiteachais an Bhoird agus úsáideadh na costais sin mar chostais oibríochta ó lá go lá de chuid an Bhoird agus chun sócmhainní caipitil a cheannach. Mar gheall gur aisíocadh na méideanna a úsáideadh chun sócmhainní caipitil a cheannach, rinneadh an cuntas caipitil a choigeartú dá bharr:

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| Deontas Rialtais a aisíocadh chuig an Roinn | **0** | (6,937,640) |
| Cuntas Caipitil a scaoileadh (Nóta 13) | **0** | 256,783 |
| | **0** | (6,680,857) |

## 5 Aisíocaíocht don Roinn Fiontar, Post agus Nuálaíochta (ar leanúint)

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| *** Cuntais Airgeadais 2004** | | |
| Deontas Rialtais | **0** | 2,000,000 |
| Caiteachas a d'íoc an Roinn thar ceann an Bhoird | **0** | 2,437,640 |
| | **0** | 4,437,640 |
| **Cuntais Airgeadais 2005** | | |
| Deontas Rialtais | 0 | 2,500,000 |
| **Costais thosaigh iomlána a fuarthas ón Roinn** | **0** | **6,937,640** |



## 6 Sócmhainní Seasta

| | Feabhsúcháin Léasachta € | Crua-earraí/ Bogearraí TF € | Trealamh Oifige € | Fearais & Feistis € | Troscán Oifige € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas/Luacháil** | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir | 832,664 | 1,804,868 | 175,017 | 52,324 | 243,143 | 3,108,016 |
| Breiseanna | 0 | 194,068 | 8,628 | 0 | 0 | 202,696 |
| * Diúscairtí | 0 | (641,163) | (5,368) | 0 | 0 | (646,531) |
| Amhail an 31 Nollaig | 832,664 | 1,357,773 | 178,277 | 52,324 | 243,143 | 2,664,181 |
| **Dímheas Carntha** | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir | 355,180 | 1,400,757 | 175,016 | 38,046 | 223,782 | 2,192,780 |
| Muirear | 41,672 | 154,740 | 0 | 4,495 | 10,858 | 211,765 |
| * Diúscairtí | 0 | (640,991) | (5,368) | 0 | 0 | (646,359) |
| Amhail an 31 Nollaig | 396,852 | 914,505 | 169,649 | 42,541 | 234,640 | 1,758,187 |
| **Glan-Luach Leabhair** | | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2012** | **435,812** | **443,268** | **8,628** | **9,783** | **8,503** | **905,993** |
| Amhail an 31 Nollaig 2011 | 477,484 | 404,111 | 1 | 14,278 | 19,361 | 915,235 |

* Eascraíonn na diúscairtí as clár athsholáthair freastalaí agus ríomhaire deisce a reáchtáladh in 2011/2012.

## 7 Féichiúnaithe

| | | 2012 € | 2011 € |
|---|---|---|---|
| **Méideanna Dlite Laistigh de Bhliain Amháin** | | | |
| Táillí Infhaighte | Táillí Freagróirí | **839,000** | 805,400 |
| | Táillí Bainteach le hÉilimh | **603,639** | 667,740 |
| Soláthar d'Fhiacha Amhrasacha | | **(139,469)** | (254,707) |
| Ús Infhaighte | | **47,321** | 34,284 |
| Réamhíocaíochtaí | | **162,786** | 163,107 |
| Féichiúnaithe Eile | | **10,179** | 64,084 |
| | | **1,523,456** | 1,479,908 |

Íocann Injuriesboard.ie an costas pinsin do bheirt phinsinéirí InjuriesBoard.ie agus déanann an Roinn Fiontar, Post and Nuálaíochta an costas sin a aisíoc. D'aisíoc an Roinn Fiontar, Post and Nuálaíochta an costas €55,374 ina iomlán in 2012 roimh dheireadh na bliana.

## 8 Creidiúnaithe



| | 2012 € | 2011 € |
|---|---|---|
| **Méideanna Dlite Laistigh de Bhliain Amháin** | | |
| Creidiúnaithe Trádála | **237,828** | 109,861 |
| Fabhruithe | **520,406** | 757,361 |
| Cánacha & Leas Sóisialach | **213,926** | 211,125 |
| Dliteanas Pinsin | **115,346** | 117,158 |
| Creidiúnaithe Eile | **72,712** | 121,239 |
| | **1,160,218** | 1,316,744 |

## 9 Soláthar le haghaidh Dliteanas

| | 2012 € | 2011 € |
|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | **911,148** | 1,187,131 |
| Soláthar Breise – Cásanna S44 (Nóta 4) | **0** | 56,383 |
| Soláthar Breise – Eile (Nóta 4) | **634,637** | 121,655 |
| Aisiompaithe i rith na bliana – Cásanna S44 (Nóta 4) | **(28,496)** | (53,163) |
| Úsáidte i rith na Bliana | **(620,374)** | (400,858) |
| Iarmhéid Deiridh | **896,915** | 911,148 |

Seasann na soláthairtí do mheastachán stuama na ndliteanas a d'fhéadfadh a theacht chun cinn do thríú páirtithe, i leith caingne dlí a cuireadh in iúl roimh dheireadh na bliana. De bharr nádúr a chuid oibríochtaí, tá an Bord rannpháirteach i gcaingne dlí éagsúla, go príomha in athbhreithniú breithiúnach ar ailt an Achta um Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003.

Cuid
5

## 9 Soláthar le haghaidh Dliteanas (ar leanúint)

Tá na soláthairtí bunaithe ar mheasúnú na gcostas dóchúla a bhainfidh le caingne atá ar eolas a chosaint chomh fada is a mheastar gur féidir brath ar mheastachán na gcostas sin. Áirítear ar na boinn tuisceana a rinneadh agus leibhéal cuí an tsoláthair á mheas, an toradh is dóchúla a bheidh ar chaingne, an treocht amach anseo ar chostais dlí (ár gcostais féin agus costais thríú páirtithe araon) agus an dáta a mheasfar a éistfear leis an gcaingean. Tá an Bord sásta go bhfuil an meastachán is fearr déanta aige ar an soláthair cuí sna ráitis airgeadais don toradh is dóchúla, d'fhéadfadh an soláthar a bheith faoi réir leasaithe ó am go ham de réir mar a chuirtear eolas breise ar fáil.

## 10 i) Réiteach Barrachais don Bhliain do Ghlan-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibríochta

| | 2012<br>€ | 2011<br>€ |
|---|---|---|
| Barrachas don Bhliain | **3,709,186** | 4,415,867 |
| Ús Bainc | **(263,485)** | (406,791) |
| Diúscairt sócmhainní seasta | **172** | 0 |
| **Míreanna nach Airgead Tirim iad** | | |
| Aistriú Cuntas Caipitil | **(23,000)** | (23,000) |
| Muirear Dímheasa | | |
| – Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | **211,765** | 181,931 |
| (Ardú)/Laghdú ar Fhéichiúnaithe | **(43,548)** | 113,308 |
| Ardú/(Laghdú) ar Chreidiúnaithe | **(156,525)** | (775,697) |
| Ardú/(Laghdú) i Soláthar le haghaidh dliteanas | **(14,236)** | (275,985) |
| **Glan-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibríochta** | **3,420,329** | 3,229,633 |

## 10 ii) (Laghdú)/Ardú ar Airgead Tirim

| | 2012<br>€ | 2011<br>€ |
|---|---|---|
| **Réiteach ar (Laghdú)/Ardú Airgid go hAirgead Tirim sa Bhanc** | | |
| Gluaiseacht in Airgid Thirim don Bhliain | **3,481,118** | (3,732,687) |
| Airgead sa Bhanc amhail an 1 Eanáir | **10,292,281** | 14,024,968 |
| Airgead sa Bhanc amhail an 31 Nollaig | **13,773,399** | 10,292,281 |

## 11 Dliteanas Teagmhasach

### Caingne Dlí

Mar a luadh i Nóta 9, bíonn an Bord, ó am go ham, páirteach i gcaingne dlí éagsúla. Bunaithe ar roinnt fachtóirí creideann an Bord go gcuirfear tuilleadh imeachtaí in iúl le linn 2013.

## 12 Tiomantais Airgeadais

### Léasanna Oibríochta

Tá áitreabh ag an mBord ag Teach Grain, Halla an Mhalartáin, Cearnóg Belgard Ó Thuaidh, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24. Tá an t-áitreabh ar léas ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus íocann an Bord na costais léasa. Mairfidh an léas fiche bliain ag tosú ó 2004 le cíos tosaigh de €188,554 sa bhliain. Déantar athbhreithnithe cíosa ag tús na séú bliana, an aonú bhliain déag agus na séú bliana déag den léas.



### Imeacht Iar-Chlár Comhardaithe

Tá foráil scoir sa léas in Aibreán 2014 a gcaithfear fógra dhá mhí dhéag a thabhairt ina leith agus a meastar, a chuireann an Léasaí in iúl dúinn (Oifig na nOibreacha Poiblí), go gcuirfear i bhfeidhm í. Ní féidir toradh airgeadais na forála a dhearbhú go dtí dáta sa todhchaí nuair a bheadh idirbheartaíochtaí i gcomhthéacs riachtanas áitreabh an Bhoird sa todhchaí tugtha chun críche.

| | 2012<br>€ | 2011<br>€ |
|---|---|---|
| Dlite laistigh de bhliain amháin | **0** | 0 |
| Dlite tar éis bliain amháin agus roimh cúig bliana | **188,554** | 0 |
| Tar éis cúig bliana | **0** | 188,554 |
| | **188,554** | 188,554 |

## 13 Cuntas Caipitil

| | 2012<br>€ | 2011<br>€ |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | **253,000** | 532,783 |
| Amúchadh ag teacht le dímheas sócmhainní | **(23,000)** | (23,000) |
| Coigeartú ag teacht chun cinn ó Dheontas Rialtais a aisíocadh | **0** | (256,783) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | **230,000** | 253,000 |

Léiríonn an cuntas caipitil sócmhainní a aistríodh ón Roinn Fiontar, Post agus Nuálaíochta sular bunaíodh an Bord. Déantar na sócmhainní seo a amúchadh ag teacht le dímheas ar na sócmhainní seasta gaolmhara.

## 14 Cóireáil Chuntasaíochta do Shochair Scoir

Feidhmíonn an Bord scéim phinsin shochair shainithe do na fostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar Shamhail na Seirbhíse Poiblí. Cheadaigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an tAire Airgeadais an scéim fostaí seo in 2008. Ceadaíodh an scéim Chéile agus Leanaí in 2009.

Tá na sochair atá iníoctha faoin scéim maoinithe ag an Státchiste.

Tá roinnt tréithe sainiúla ag an scéim:

- Íocann an Bord ranníocaíocht chomhaontaithe leis an An Roinn Fiontar, Post agus Nuálaíochta.
- Tá an ranníocaíocht comhdhéanta de ghné an fhostaithe agus de ghé an fhostóra. B’fhiú 25% de phá comhlán ranníocaíocht an fhostóra in 2012.
- Tá tiomantas follasach ón Roinn Fiontar, Post agus Nuálaíochta le comhaontú ón Roinn Airgeadais, go seasfaidh an Státchiste costas na sochar de réir mar a bhíonn siad dlite.

Breithníonn an Bord go bhfuil an éifeacht airgeadais chéanna ag na socruithe pinsin, mar a thuairiscítear thuas, agus atá ag scéim ranníocaíochtaí sainithe i dtuairim an Bhoird. Is é léargas an Bhoird ná nach bhfuil forálacha Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17, Cuntasaíocht do Shochair Scoir, a thagann chun cinn faoi scéimeanna sochair shainithe, oiriúnach dá chuid imthosca. Dá réir sin, caitheann sé leis na ranníocaíochtaí mar bheadh scéim ranníocaíochtaí sainithe ann.

## 15 Leasanna Chomhaltaí an Bhoird

De réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, chuir an Bord Cód Iompair Ghnó i bhfeidhm do Chomhaltaí an Bhoird agus d’fhostaithe. Áirítear sna cóid sin treoir maidir le faisnéisiú leasanna chomhaltaí an Bhoird agus chloígh an Bord leis na nósanna imeachta seo i rith na bliana agus atá clúdaithe ag na ráitis airgeadais seo. Níl aon idirbhearta sa tréimhse a raibh leas ann do na comhaltaí.

## 16 Figiúirí Comparáideacha

Rinneadh roinnt coigeartuithe chun cuidiú leis an gcur i láthair agus athshonraíodh na figiúirí comparáideacha don bhliain 2011 ar bhonn seasta.

## 17 Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Bhí na Ráitis Airgeadais ceadaithe ag an mBord amhail an 21 Márta 2013.


Cuid
5

# Aguisíní

Aguisín 1 – Próiseas InjuriesBoard.ie

Aguisín 2 – An Eagraíocht

Aguisín 3 – Anailís Gheografach Éileamh



# Aguisín 1

## Próiseas InjuriesBoard.ie



De réir an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003, ní mór gach éileamh díobhála pearsanta, seachas líon beag catagóirí éileamh, a chur ar aghaidh chuig InjuriesBoard.ie, mura mbíonn siad socraithe go díreach idir na páirtithe.

Déantar achoimre sa tábla thíos ar na céimeanna a bhaineann le próiseas éileamh InjuriesBoard.ie.

| Céim | Tuairisc |
|---|---|
| Céim 1 | Cuireann an tÉilitheoir an t-éileamh in iúl do InjuriesBoard.ie trí Ionad Seirbhísí InjuriesBoard.ie nó ar líne trí www.injuriesboard.ie. |
| | Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Ionad Seirbhísí ar an bhfón ó Luan go hAoine, 8am go 8pm ar LóGhlao 1890829121 nó ar an bposta chuig Bosca Poist 8, Cloich na Coillte, Contae Chorcaí. |
| Céim 2 | Tugann ionadaí ó InjuriesBoard.ie cúnamh don Éilitheoir leis an iarratas. |
| Céim 3 | Cuireann an tÉilitheoir isteach iarratas agus Foirm Measúnaithe Míochaine. |
| Céim 4 | Cuireann InjuriesBoard.ie an Freagróir ar an eolas faoin éileamh. |
| Céim 5 | Toilíonn an Freagróir le measúnú InjuriesBoard.ie.* |
| Céim 6 | Déantar measúnú agus cuirtear an tÉilitheoir agus an Freagróir ar an eolas faoi shuim na dámhachtana. |
| Céim 7 | Glacann an dá Pháirtí leis an dámhachtain agus eisíonn InjuriesBoard.ie 'Ordú Íocaíochta' ag ordú ar an bhFreagróir an dámhachtain a íoc leis an Éilitheoir. |
| Céim 8 | Faigheann an tÉilitheoir an íocaíocht agus tá deireadh leis an ábhar. |

* Mura dtoilíonn an Freagróir leis an measúnú nó má dhiúltaíonn ceachtar den dá pháirtí don mheasúnú, eiseoidh InjuriesBoard.ie 'Údarú' don Éilitheoir a cheadaíonn dó nó di leanúint leis an éileamh trí na Cúirteanna, más mian leis nó léi sin a dhéanamh. Tá gá le húdarú an Bhoird má tá éileamh le dul ar aghaidh chuig na Cúirteanna/dlíthíocht.

# Aguisín 2
## An Eagraíocht



### Struchtúr Eagraíochta

Tá struchtúr eagraíochta InjuriesBoard.ie léirithe anseo a leanas. Tá InjuriesBoard.ie faoi stiúir Bord Stiúrthóirí (mionsonraí tugtha thíos).

Ceapann an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta an Bord agus tá sé comhdhéanta de Chathaoirleach agus 10 gnáthchomhalta, lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach. Tá an Bord freagrach as beartais InjuriesBoard.ie a cheapadh agus dualgais mhuiníne eile a chur i bhfeidhm.

### Liosta iomlán na gComhaltaí Boird

| Ainm | Post | Taifead Tinrimh |
|---|---|---|
| Dorothea Dowling | Cathaoirleach Neamhfheidhmeannach | 8 as 8 |
| Joe O'Toole | Leas-Chathaoirleach agus ainmní ó Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) | 7 as 8 |
| Patricia Byron | Príomhfheidhmeannach | 8 as 8 |
| Tom Noonan | Ainmní ó Chónaidhm Ghnó & Fhostóirí na hÉireann (IBEC) | 8 as 8 |
| Jerry Fitzpatrick | Ainmní ó Chónaidhm Árachais na hÉireann (IIF) | 7 as 8 |
| Bernard Sheridan | Stiúrthóir Cosanta Tomhaltóra, Banc Ceannais na hÉireann | 6 as 8 |
| Breda Power | An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta | 8 as 8 |
| Ann Fitzgerald (a d'éirigh as an 15 Deireadh Fómhair 2012) | Príomhfheidhmeannach na Gníomhaireachta Náisiúnta Tomhaltóirí | 5 as 6 |
| Sean Murphy (arna cheapadh an 20 Nollaig 2012) | Príomhfheidhmeannach Gníomhach na Gníomhaireachta Náisiúnta Tomhaltóirí | 0 as 0 |
| John Fay (a d'éirigh as an 12 Aibreán 2012) | Ainmní ó ICTU | 2 as 2 |
| An tOllamh Denis Cusack (a d'éirigh as an 12 Aibreán 2012) | An Roinn Liachta Fhóiréinseach, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath | 2 as 2 |
| Frank Cunneen (a d'éirigh as an 12 Aibreán 2012) | Iar-Chathaoirleach an Údaráis Sláinte & Sábháilteachta | 2 as 2 |
| Martin Naughton (arna cheapadh an 5 Aibreán 2012) | Ainmní ó ICTU | 4 as 6 |
| John Lynch (arna cheapadh an 1 Lúnasa 2012) | Comhairleoir Gnó | 3 as 3 |
| Fionnuala O'Loughlin (arna ceapadh an 1 Lúnasa 2012) | Siciatraí Comhairleach | 3 as 3 |
| Stephen Watkins | Rúnaí an Bhoird | |

Tá mionsonraí faoi na táillí a íocadh le comhaltaí Boird leagtha amach sna Ráitis Airgeadais. Mar is amhlaidh le blianta roimhe seo, níor íocadh speansais le comhaltaí Boird.

Chomh maith le cruinnithe Boird iomlána tionóladh 5 chruinniú de Choiste Iniúchta an Bhoird le linn 2012 agus 3 chruinniú de Choiste Airgeadais an Bhoird.

# Aguisín 2 – An Eagraíocht

## Struchtúr Eagraíochta

**An Bord**

**An Príomhfheidhmeannach**

| Oibríochtaí | Seirbhísí Tacaíochta Gnó | Seirbhísí Corparáideacha | Airgeadas |
|---|---|---|---|
| An Stiúrthóir Oibríochtaí | Stiúrthóir na Seirbhísí Tacaíochta Gnó | Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha | An Stiúrthóir Airgeadais |



## Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin

Tá an Príomhfheidhmeannach Patricia Byron mar chomhalta den Bhord. Tá sí i gceannas ar an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin freisin, lena n-áirítear:

- Maurice Priestley – An Stiúrthóir Oibríochtaí
- Helen Moran – Stiúrthóir na Seirbhísí Tacaíochta Gnó
- Stephen Watkins – Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha
- Bernadette King – An Stiúrthóir Airgeadais

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as oibríochtaí InjuriesBoard.ie a bhainistiú ó lá go lá, le tacaíocht ó na Stiúrthóirí, Bainisteoirí, Measúnóirí agus Foireann Tacaíochta. Ag deireadh 2012, d'fhostaigh InjuriesBoard.ie 69 duine san oifig i dTamhlacht, Baile Átha Cliath 24.

Ina theannta sin, tá Ionad Seirbhísí Seachfhoinsithe ag InjuriesBoard.ie.

## Feidhmeanna Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

Tá sé de dhualgas ar an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta measúnaithe a dhéanamh ar an mbonn céanna leis na prionsabail chéanna, mar a rialaíonn an líon damáistí i ndlí an torta sna Cúirteanna agus trí thagairt do na prionsabail sin. Tá próiseas InjuriesBoard.ie bunaithe ar an bhfáil atá ar fhaisnéis, taifid, nó doiciméid eile. Ní reáchtálann an Bord éisteachtaí ó bhéal mar is próiseas bunaithe ar dhoiciméid amháin atá sa phróiseas seo, a dhíríonn ar na fíricí liachta seachas ar chur i láthair na bhfíricí i dtimpeallacht sháraíochta. Tá InjuriesBoard.ie freagrach as na feidhmeanna reachtúla seo a leanas chomh maith:

- Doiciméad a ullmhú agus a fhoilsiú (ar a dtabharfar "An Leabhar Cainníochtaí") ina mbeidh treoirlínte ginearálta maidir leis na méideanna a fhéadfar a dhámhadh nó a mheasúnú i ndáil le cineálacha sonraithe díobhála;
- Cur faoi deara anailís chostas-tairbhe a dhéanamh ar imeachtaí dlíthiúla agus na próisis ghaolmhara (lena n-áirítear iad sin dá bhforáiltear faoin Acht) atá in úsáid faoi láthair sa Stát chun críocha cúitimh a dhámhadh i gcomhair díobhálacha pearsanta;
- Bailiú agus anailís sonraí i ndáil leis na méideanna a dhámhtar de bhun caingne sibhialta, nó a chomhaontaítear i socrú caingne sibhialta, lena mbaineann an tAcht seo agus
- Aon fheidhmeanna breise a thugtar don Bhord faoi Alt 55 den Acht a dhéanamh.

# Aguisín 3

## Anailís Gheografach Éileamh

### **Tábla 6.1** Briseadh síos na nDámhachtainí de réir Láithreach (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora) 2012 vs. 2011

| | **2012 Líon na nDámhachtainí** | **2012 % na nDámhachtainí** | **2011 Líon na nDámhachtainí** | **2011 % na nDámhachtainí** |
|---|---|---|---|---|
| Poblacht na hÉireann | **9,888** | **97.6%** | 9,574 | 97.4% |
| Tuaisceart Éireann | **143** | **1.4%** | 150 | 1.5% |
| An RA (seachas Tuaisceart Éireann) | **72** | **0.7%** | 69 | 0.7% |
| An Chuid eile den Domhan | **33** | **0.3%** | 40 | 0.4% |
| **IOMLÁIN** | **10,136** | **100.0%** | **9,833** | **100%** |

### **Tábla 6.2** Briseadh síos ar Chatagóirí Dámhachtana de réir Láithreach (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora) 2011 vs. 2012


| | **2011 DM** | **2011 DF** | **2011 DP** | **2011 Iomlán** | **2012 DM** | **2012 DF** | **2012 DP** | **2012 Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Poblacht na hÉireann | 7,311 | 814 | 1,449 | 9,574 | **7,425** | **792** | **1,671** | **9,888** |
| Tuaisceart Éireann | 131 | 4 | 15 | 150 | **126** | **4** | **13** | **143** |
| An RA (seachas Tuaisceart Éireann) | 56 | 2 | 11 | 69 | **52** | **3** | **17** | **72** |
| An Chuid eile den Domhan | 23 | 10 | 7 | 40 | **19** | **8** | **6** | **33** |
| **IOMLÁIN** | **7,521** | **830** | **1,482** | **9,833** | **7,622** | **807** | **1,707** | **10,136** |

### **Tábla 6.3** Briseadh Síos Cúige ar Líon na nDámhachtainí (bunaithe ar Sheoladh an Éilitheora) 2011 vs. 2012


| | **2011 DM** | **2011 DF** | **2011 DP** | **2011 Iomlán** | **2012 DM** | **2012 DF** | **2012 DP** | **2012 Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Baile Átha Cliath | 2,101 | 258 | 507 | 2,866 | **2,240** | **295** | **648** | **3,183** |
| An Chuid eile de Chúige Laighean | 1,790 | 232 | 323 | 2,345 | **1,792** | **187** | **342** | **2,321** |
| Connachta-Ulaidh | 1,260 | 84 | 143 | 1,487 | **1,242** | **87** | **175** | **1,504** |
| Cúige Mumhan | 2,160 | 240 | 476 | 2,876 | **2,151** | **223** | **506** | **2,880** |
| Lasmuigh den Stát | 210 | 16 | 33 | 259 | **197** | **15** | **36** | **248** |


*DM = Dliteanas Mótair; DF = Dliteanas Fostóra; DP = Dliteanas Poiblí*

**Fíor 3.1** Líon na nDámhachtainí in aghaidh an Chontae




**Fíor 3.2** % na nDámhachtainí in aghaidh an Chontae



Aguisíní


## Fíor 3.3 % den Daonra Iomlán de réir an Chontae*





* Bunaithe ar Thorthaí Daonáireamh 2011 ón bPríomh-Oifig Staidrimh

Aguisíní

Fíor 3.4  % Athraitheas na nDámhachtainí vs Daonra de réir an Chontae*



Aguisíní

* Bunaithe ar Thorthaí Daonáireamh 2011 ón bPríomh-Oifig Staidrimh

**Tábla 6.4** An 5 Chontae ar Bharr de réir Dámhachtainí in aghaidh an Duine den Daonra 2012

| | % na nDámhachtainí in aghaidh an Chontae | % den Daonra iomlán sa Chontae | Athraitheas don Mheán Náisiúnta |
|---|---|---|---|
| Luimneach | 7.5% | 4.18% | 79.43% |
| An Longfort | 1.4% | 0.85% | 64.71% |
| Lú | 3.4% | 2.68% | 26.87% |
| Baile Átha Cliath | 32.2% | 27.74% | 16.08% |
| An Mhí | 4.3% | 4.01% | 7.23% |

**Tábla 6.5** An 5 Chontae ag an mBun de réir Dámhachtainí in aghaidh an duine den daonra 2012


| | % of Awards per county | % of Total Population in County | Variance to National Average |
|---|---|---|---|
| Cill Chainnigh | 1.1% | 2.08% | -47.12% |
| Laois | 1.1% | 1.76% | -37.50% |
| Loch Garman | 2.0% | 3.17% | -36.91% |
| Ros Comáin | 0.9% | 1.40% | -35.71% |
| Maigh Eo | 2.0% | 2.85% | -29.82% |

## Dámhachtainí Foriomlána 2012

**Fíor 3.5** An Líon is Airde Dámhachtainí Foriomlán de réir an Chontae 2012 (Bunaithe ar Sheoladh an Éilitheora)





**Fíor 3.6** An Líon is Ísle Dámhachtainí Foriomlán de réir Contae 2011 (Bunaithe ar Sheoladh an Éilitheora)




## Dámhachtainí Dliteanais Mótair 2012

**Fíor 3.7** An Líon is Airde Dámhachtainí Dliteanais Mótair de réir Contae 2012 (Bunaithe ar Sheoladh an Éilitheora)





**Fíor 3.8** An Líon is Ísle Dámhachtainí Dliteanais Mótair de réir Contae 2012 (Bunaithe ar Sheoladh an Éilitheora)




## Dámhachtainí Dliteanais Fostóra 2012

**Fíor 3.9** An Líon is Airde Dámhachtainí Dliteanais Fostóra de réir Contae 2012 (Bunaithe ar Sheoladh an Éilitheora)





**Fíor 3.10** An Líon is Ísle Dámhachtainí Dliteanais Fostóra de réir Contae 2012 (Bunaithe ar Sheoladh an Éilitheora)




## Dámhachtainí Dliteanais Poiblí 2012

**Fíor 3.11** An Líon is Airde Dámhachtainí Dliteanais Poiblí de réir Contae 2012 (Bunaithe ar Sheoladh an Éilitheora)




**Fíor 3.12** An Líon is Ísle Dámhachtainí Dliteanais Poiblí de réir Contae 2012 (Bunaithe ar Sheoladh an Éilitheora)



Injuries Board.ie

Ionad Seirbhísí ar Oscailt:
Luan go hAoine, 8am go 8pm

Ló-Ghlao ó Phoblacht na hÉireann 1890 829 121
Ó Thuaisceart Éireann agus as an Ríocht Aontaithe 0870 876 8121

Bosca O.P. 8
Cloich na Coillte
Co. Chorcaí

**www.injuriesboard.ie**